Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an mBord, leis an bhFoireann Bainistíochta Shinsearach agus leis an bhfoireann, leis na comhlaigh agus leis na hionadaithe go léir as an bhfáilte agus an tacaíocht a chuir siad romham ó chuaigh mé isteach sa bhForas i ról an Ard-Stiúrthóra. Gabhaim buíochas leis an bhfoireann ceannaireachta shinsearach san DPENDR agus leis an CCMA as a gcomhoibriú láidir agus as a dtacaíocht do phlean straitéiseach an Fhorais.

Thar ceann na Foirne Bainistíochta Sinsearaí, is mian liom ár mbuíochas a chur in iúl do bhaill an Bhoird agus do Choistí an Bhoird as a n-obair chrua leanúnach agus a dtacaíocht don IPA agus dá chuid oibre.

Táim ag tnúth le leanúint lenár ndlúthchomhpháirtíocht oibre lenár bpáirtithe leasmhara agus le bheith i gceannas ar an bhForas agus sinne ag cur ár bpleananna straitéiseacha chun cinn.

Ag Breathnú Ar Aghaidh

Ba chor cinniúnach é 2022 don IPA ar go leor slite. Tar éis dó soláthar seirbhíse a oiriúnú chun tacú leis an tSeirbhís Phoiblí le linn ghéarchéim na paindéime, chuir an Foras tús le gnáthsholáthar nua arís. Agus an t-eispéireas, an fhoghlaim agus na nuálaíochtaí ón eispéireas paindéime á gcur chun tairbhe dúinn againn, tá ár bhfoirne tar éis iad seo a fhí isteach sa chaoi a gcuirimid réitigh foghlama agus forbartha ar fáil agus a ndéanaimid iad a chothabháil agus inár mbealaí oibre chun freagairt dár gcliaint ar fud na Seirbhíse Poiblí.

Tá an straitéis do 2022 -2027, *A New Era of Learning*, tar éis an clár oibre a leagan síos nach mór dúinn a sheachadadh chun freastal go réamhghníomhach ar dhúshlán atá roimh lucht saothair na Seirbhíse Poiblí faoi láthair agus a bheidh rompu amach anseo. Leanfaimid orainn ag obair go dlúth leis an DPENDR agus beimid ag dul ar aon dul leis an *Straitéis um Chlaochlú na Seirbhíse Poiblí*.

Déanfaimid plean an IPA a nuashonrú go rialta lena chinntiú go bhfanfaidh sé ar aon dul le riachtanais na Seirbhíse Poiblí. Tuairisceoidimid don Bhord go rialta ar dhul chun cinn mar chuid dá mhonatóireacht agus athbhreithniú ar an bplean.

Tuigimid an ról atá againn chun acmhainn agus cumas lucht saothair na Seirbhíse Poiblí sa todhchaí a thógáil.

Táimid dírithe ar an IPA a athrú ó bhonn le bheith aitheanta in Éirinn mar ionad barr feabhais d'fhoghlaim agus réitigh forbartha chun ár misean a chomhlíonadh.

Agus sinne ag féachaint ar 2023 agus ina dhiaidh sin, aithnímid gur fíis uailmhianach í seo. Tuigim an obair chrua atá romhainn agus sinne ár n-ullmhú féin le go n-éireoidh linn. Tá muinín agam go n-éireoidh linn oibriú le chéile, le gairmiúlacht, dúthracht agus athléimneacht fhoireann an IPA, trí chomhoibriú lenár bpáirtithe leasmhara go léir agus le tacaíocht ónár mBord, aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá romhainn agus déanamh de réir ár bhfocail.



Helen Brophy
Ard-Stiúrthóir

03. Ár mBord agus Coistí Gaolmhara



COMHALTAÍ OINIGH

Uachtarán

Martin O'Halloran

Leas - Uachtaráin

John Callinan

Ray Dolan

Attracta Halpin

Niamh O'Donoghue

BORD

George Burke (*Cathaoirleach*) (*Ceaptha Samhain 2022*)

An Dr Fergal Lynch (*Cathaoirleach*) (*Tháinig deireadh leis an Téarma oifige i mí na Samhna 2022*)

Helen Brophy (*Ard-Stiúrthóir*) (*Ceaptha Deireadh Fómhair 2022*)

An Dr Marian O'Sullivan (*Ard-Stiúrthóir*) (*Tháinig deireadh le Téarma oifige Meán Fómhair 2022*)

Elizabeth Adams (*Athcheaptha i Meán Fómhair 2022*)

An Dr Pamela Byrne (*Athcheaptha i mí Dheireadh Fómhair 2022*)

Greg Dempsey

An Dr Pat Gallagher (*Tháinig deireadh le Téarma oifige i mí na Samhna 2022*)

An Dr Colm Henry (*Ceaptha Meán Fómhair 2022*)

Mary Hurley (*D'éirigh sí as Márta 2022; Athcheapadh í Samhain 2022*)

David Moloney

Stephen Mulvany (*D'éirigh sé as Meán Fómhair 2022*)

Pat Naughton

An Dr Patrick O'Leary (*Ceaptha Márta 2022*)

Fiona Quinn (*Ceaptha Aibreán 2022*)

An Dr Stephen Weir

FOCHOISTÍ BOIRD

An Coiste Airgeadais agus Straitéise

George Burke (*Cathaoirleach*) (*Ceaptha Samhain 2022*)

Fergal Lynch (*Cathaoirleach*) (*D'éirigh sé as Samhain 2022*)

Helen Brophy (*Ceaptha Deireadh Fómhair 2022*)

An Dr Pamela Byrne

Greg Dempsey

Stephen Mulvany (*D'éirigh sé as Meán Fómhair 2022*)

An Dr Marian O'Sullivan (*Tháinig deireadh le Téarma oifige Meán Fómhair 2022*)

An Dr Stephen Weir

An Coiste Riaracháin

An Dr Pat Gallagher (*Cathaoirleach*) (*Tháinig deireadh leis an Téarma oifige i mí na Samhna 2022*)

Elizabeth Adams

George Burke (*D'éirigh as Samhain 2022*)

Mary Hurley (*D'éirigh as Márta 2022*)

David Moloney

Fiona Quinn (*Ceaptha Aibreán 2022*)

An Coiste Iniúchta agus Riosca

Pat Naughton (*Cathaoirleach*)
George Burke (*D'éirigh as Samhain 2022*)
Greg Dempsey
Suzanne Lame (*Ceaptha Aibreán 2022*)
Tim Lucey (*Ceaptha Nollaig 2022*)
Patricia Orme (*Ceaptha Aibreán 2022*)

COISTÍ an IPA

An Coiste Oideachais

An Dr Moling Ryan (*Cathaoirleach*)
Helen Brophy (*Ceaptha Deireadh Fómhair 2022*)
Dermot Clynes (*Scortha Eanáir 2022*)
Kevin Foley
Brian Hackett
Aidan Horan
Rosarii Mannion (*Ceaptha Deireadh Fómhair 2022*)
An Dr Michael Mulreany
Ard-Cheannf. Patrick Murray
An Dr Denis O'Brien
Eric Ó Cuinn (*D'éirigh as Eanáir 2022*)
Danny O'Sullivan (*Ceaptha Deireadh Fómhair 2022*)
Doncha F. O'Sullivan
An Dr Marian O'Sullivan (*Scortha Meán Fómhair 2022*)
Eileen Quinlavin

An Coiste Foilsithe Leabhar

Dónal de Buitléir (<i>Cathaoirleach</i>)	Tom Fennell
John Fitzgerald	Attracta Halpin
Philip Hamell	Paul Haran
John O'Neill	Philomena Poole
Blathna Ruane	

04. **Ár bhFoireann Bainistíochta Shinsearach**





Helen Brophy
Ard-Stiúrthóir

Tá taithí os cionn tríocha bliain ag Helen i raon leathan ról ar leibhéal an Phríomhfheidhmeannaigh, an Stiúrthóra agus an Stiúrthóra Neamhfheidhmiúcháin in earnálacha poiblí, idirnáisiúnta, príobháideacha, gnó faoi úinéireacht teaghlaigh,

neamhbhrabúis agus eagraíochtaí neamhrialtasacha. Sular thosaigh sí ag obair leis an IPA, bhí Helen ina Stiúrthóir ar Fhorbairt Feidhmiúcháin Smurfit ag COBhÁC agus Ball de Bhord Comhairleach ag Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit ag COBhÁC, an t-aon soláthraí oideachais feidhmiúcháin atá rangaithe ag FT in Éirinn. Sise a d'fhorbair an Scoil agus a bhí i gceannas uirthi ar feadh breis agus deich mbliana. I measc na ról ceannaireachta roimhe seo tá POF na Comhairle Náisiúnta Déiríochta; Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin, Ornua; Ceannasaí Forbartha Margaidh agus Gnó, BIM; agus Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin Gorta/Self-Help Africa. Ina theannta sin, is cóitseálaí, meantóir agus speisialtóir a bhfuil taithí fhada aici í Helen ar dhearadh agus ar sheachadadh ceannaireachta feidhmiúcháin agus cláir bhainistíochta athruithe.

Tá BA ag Helen ó OCBhÁC, MBS ó Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit COBhÁC, Máistreacht Feidhmiúcháin i gComhairliúchán agus Cóitseáil le haghaidh Athraithe ó Scoil Ghnó INSEAD, an Fhrainc, chomh maith le réimse cáilíochtaí breise iarchéime i gcóitseáil, síciméadracht agus forbairt ceannaireachta.



An Dr Michael Mulreany
Ard-Stiúrthóir Cúnta agus Ceann Scoil Rialtais agus Bainistíochta Whitaker

Tá Mícheál ina Ard-Stiúrthóir Cúnta agus ina Cheann ar Scoil Rialtais agus Bainistíochta Whitaker agus tá freagracht air as cláir chreidiúnaithe oideachais,

gníomhaíochtaí taighde agus an leabharlann. Tá cáilíochtaí Baitsiléara, Máistreacht agus PhD ag Michael ó COBhÁC. D'fhorbair sé sraith clár fochéime agus iarchéime ag an IPA suas go leibhéal dochtúireachta, atá creidiúnaithe ag Ollscoil na hÉireann. Tugann sé léachtaí agus déanann taighde i réimsí eacnamaíocht na hearnála poiblí, éifeachtúlacht na hearnála poiblí, anailís costais is tairbhe agus rialachas na hearnála poiblí, agus tá réimse leabhar agus alt foilsithe aige sna réimsí sin. Bhí Michael ina bhall de choistí éifeachtúlachta na státseirbhíse agus de ghrúpaí comhairleacha rialtais agus bhí sé i gceannas ar roinnt tionscadal idirnáisiúnta de chuid Choimisiún an Aontais Eorpaigh agus Chomhairle na hEorpa maidir le hathchóiriú na hearnála poiblí, a bhfuil athruithe suntasacha institiúideacha mar thoradh orthu.



Noreen Fahy
Stiúrthóir, Seirbhísí Airgeadais agus Corparáideacha

Cuireann Noreen taithí breis agus tríocha bliain ar fáil dúinn ar fud earnálacha náisiúnta, idirnáisiúnta, tráchtála agus neamhthráchtála. Ceannaire cruthaithe le taifead láidir feidhmíochta atá inti. Tá sí ina ball de Fhoireann Shinsearach

Bainistíochta ag an IPA, ag seachadadh spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha go rathúil. Chuaigh Noreen isteach san IPA in 2004 agus, mar Speisialtóir Sinsearach Rialachais agus Airgeadais, d'fhorbair sí eolas agus tuiscint dhomhain ar pháirtithe leasmhara an IPA ar fud earnálacha na státseirbhíse, na n-údarás áitiúil agus na gníomhaireachta stáit, rud a imríonn tionchar ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm an bheartais náisiúnta maidir le hiniúchadh agus rialachas. Mar Stiúrthóir Seirbhísí Airgeadais agus Corparáideacha, tá Nóirín spreagtha go láidir ag an deis foirne a threorú agus oibriú i gcomhar le comhghleacaithe chun athrú a threorú agus torthaí níos fearr a bhaint amach do na páirtithe leasmhara go léir. Is é barr feabhais i rialachas corparáideach a bhaint amach an rud is mó a spreagann Noreen agus aithnítear a saineolas ina ról cheannaireachta rialachais, lena n-áirítear Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin agus Iontaobhaí ar Bhord Stiúrthóirí Charmichael, Cathaoirleach Choiste Iniúchóireachta Údarás Áitiúil Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin agus Ball de Choiste Iniúchóireachta Thithe an Oireachtais.

Tá Noreen ina Comhalta de Chumann na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte, tá Diplóma (le gradam) aici i dTreoir Cuideachta ón Institiúid Stiúrthóirí agus Diplóma Iarchéime (Onóracha) i mBainistíocht agus i bhFeidhmiú TF sa Chuntasaiocht.



Teresa Casserly

*Stiúrthóir, Forbairt Gnó,
Ceannaireacht agus Bainistíocht,
agus Seirbhísí Idirnáisiúnta*

Tá taithí os cionn tríocha bliain ag Teresa ag treorú i réimse fairsing clár d'fhorbairt ghairmiúil agus phearsanta do cheannairí agus bainisteoirí na hearnála poiblí

ag gach leibhéal, thar gach earnáil de sheirbhís phoiblí na hÉireann. Tá taifead cruthaithe aici ar ghnóthachtáil mar speisialtóir dearaidh foghlama, mar éascaitheoir agus mar chóitseálaí. Tá taithí fhairsing ag Teresa ar aiseolas measúnaithe 360° agus ar chóitseáil do cheannairí, ag leibhéal an duine aonair agus leibhéal foirne, ar mhodheolaíochtaí chun tacú le haistriú foghlama, meantóireacht agus cóitseáil. Go hidirnáisiúnta, rinne Teresa bainistíú ar thionscadail athchóirithe na hearnála poiblí don IPA san Eoraip agus san Afraic, d'oibrigh sí mar speisialtóir i bhforbairt ceannaireachta agus tionscadail forbartha acmhainne a cuireadh faoi bhráid luchtanna spéise éagsúla thar na blianta maidir le foghlaim agus forbairt na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí agus cur chuige taithí i leith dearadh foghlama, agus a chuir sí le tionscadail TAIEX AE i roinnt tíortha. Sular thosaigh sí sa bhForas, d'fhóin Teresa ar feadh trí bliana déag i roinnt ranna agus oifigí rialtais in Éirinn.

Tá BSc agus MEd ag Teresa ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tá sí creidiúnaithe chun an Anailís ar Éifeachtacht Ceannaireachta MRG 360° (LEA) agus an Táscaire Cineál Myers Briggs (MBTI) a riar. Tá Teresa creidiúnaithe freisin mar Áisitheoir Foghlama Gníomhaíochta ag an Institiúid Dhomhanda um Fhoghlaim Gníomhaíochta agus tá oiliúint faighte aici sa chur chuige Timpeallacht Smaointeoireachta atá aitheanta ar fud an domhain, ar múnla é atá deartha chun na coinníollacha a chruthú do dhaoine chun smaoineamh go maith dóibh féin, rud a fhágann cinnteoireacht níos fearr agus torthaí níos fearr.



Aidan Horan

*Stiúrthóir, Rialachas, Airgeadas,
Bainistíocht Acmhainní Daonna,
Teicneolaíocht Faisnéise/Bainistíocht
Tionscadal agus Údarás Áitiúil*

Tá Aidan ina Stiúrthóir sa Stiúrthóireacht Comhairleoireachta, Oiliúna agus Forbartha ag an bhForas. Tá sé freagrach as rialachas, airgeadas, bainistíocht

acmhainní daonna, teicneolaíocht faisnéise agus rialtas áitiúil. Déanann sé speisialtóireacht i rialachas, bainistíocht riosca, iniúchadh, dearbhú agus bainistíocht airgeadais. Cuimsíonn an raon seirbhísí a chuirtear ar fáil laistigh dá réimse freagrachta cláir chomhairleoireachta, chomhairle, éascaitheoireachta, oiliúna agus forbartha gairmiúla.

Chomh maith lena phríomhról i seirbhísí rialachais, ainmníodh Aidan freisin mar chomhalta neamhfheidhmiúcháin ar roinnt ról boird agus coiste, lena n-áirítear sa Roinn Airgeadais, sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i gcomhlachtaí stáit agus in údarás áitiúla freisin.



An Dr John O'Neill

Ceann Taighde agus Foilseachán

Tá John ina Cheann Taighde agus Foilseachán ag an IPA faoi láthair, áit a ndíríonn sé ar phríomh-aschuir a fhorbairt chun freastal ar riachtanais an rialtais láir agus an rialtais áitiúil araon ar fud raon dúshlán maidir le beartas a chur chun feidhme.

Tugann John meascán uathúil de shaineolas teicniúil agus beartais dúinn ina ról le breis agus fiche bliain de thaithe san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon.

Sula ndeachaigh sé isteach san IPA, d'oibrigh John mar státseirbhíseach sinsearach ar fud roinnt ranna rialtais, lena n-áirítear an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, agus an Roinn Iompair. Mar thoradh na róil seo, bhí ról ceannasach ag John maidir le beartas casta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud príomhréimsí tosaíochta, lena n-áirítear an Cháin Mhaoine Áitiúil, tithíocht agus aeráid. Bhí saineolas agus taithí fhairsing John ar chlár oibre na hinbhuanaitheachta i gcoitinne rithábhachtach chun a chur ar chumas an Fhorais freastal ar riachtanais na seirbhíse poiblí maidir le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin chasta rialachais agus cur chun feidhme a bhaineann leis an gclár oibre um ghníomhú ar son na haeráide. Sula ndeachaigh sé ag obair ar fhorbairt an bheartais phoiblí, chaith John roinnt blianta ag obair san earnáil phríobháideach do chomhairleachtaí comhshaoil agus innealtóireachta, áit a raibh roinnt post bainistíochta agus maoirseachta sinsearach aige.



An Dr Philip Byrne

*Stiúrthóir (eatramhach),
Comhairleoireacht, Oiliúint agus
Forbairt*

Ó mhí na Nollag 2022 i leith tá Philip ag feidhmiú mar Stiúrthóir eatramhach sa Stiúrthóireacht Comhairleoireachta, Oiliúna agus Forbartha sa bhForas. Tá sé freagrach as rialachas, airgeadas, bainistíocht acmhainní daonna, teicneolaíocht faisnéise agus rialtas áitiúil. Sular ceapadh é i mí na Nollag 2022, bhí Philip ina Stiúrthóir ar an aonad Rialtais Áitiúil sa bhForas, post a ghlac sé in 2001.

Déanann sé speisialtóireacht i rialachas earnála poiblí, bainistíocht riosca, iniúchadh, dearbhú agus bainistíocht airgeadais. Déanann sé speisialtóireacht ar leith i mbainistíocht airgeadais an rialtais áitiúil agus i reachtaíocht ghinearálta an rialtais áitiúil.

Cuimsíonn an raon seirbhísí a chuirtear ar fáil laistigh dá réimse freagrachta cláir chomhairleoireachta, chomhairle, éascaitheoireachta, oiliúna agus forbartha gairmiúla.

Chomh maith lena ról reatha sa bhForas, tá Philip ainmnithe freisin mar bhall neamhfheidhmiúcháin ar roinnt ról boird agus coiste, lena n-áirítear cathaoirleacht a dhéanamh ar choiste iniúchóireachta Chomhairle Contae Chorcaí faoi láthair.

05. 2022 – Sracfhéachaint ar Fheidhmíocht



Cumas agus Acmhainn a Thógáil Trí Oideachas agus Oiliúint

Forbairt Ceannaireachta & Bainistíochta - Iarratais

Réamhaisnéis: 120-40

Faighte: 277



Imeachtaí Oiliúna - Uimhreacha na Rannpháirtithe

Spríocphlean: 1,500

Seachadadh: 3,959



967 Bronnadh Céime agus Diplóma

599 Teastas Bronnta



Oideachas

- 1,800 Foghlaimeoirí Cláraithe
- 1,300 Seimineár Gréasáin
- 800 Léacht Réamhthaifeadta



Imeachtaí Oiliúna Saincheaptha

Spríocphlean: 165

Seachadadh: 270 Imeacht/494 Lá



Fóram Rialachais

- 17 Imeacht do 110 Balleagraíocht
- Lónra na gCathaoirleach
- Lónra na Rúnaithe Boird
- Tairseach na bhFeisirí



Líon Rannpháirtithe na gCúrsaí Poiblí

Spríocphlean: 250

Seachadadh: 289



Tacú leis an Rialtas Áitiúil agus é a chur chun cinn

Scoil Rialtais agus Bainistíochta Whitaker an IPA

- 540 Cáilíocht Ghairmiúla sa Rialtas Áitiúil
- 360 Teastas i Staidéar Rialtais Áitiúil
- 120 Diplóma i Staidéar Rialtais Áitiúil
- 22 Teastais i Staidéar Tithíochta
- 38 Diplóma Gairmiúla i Staidéar Tithíochta



Comhdháil Chumann na Stiúirthóirí Rialtais Áitiúil (LGDA)

75 Duine i láthair



Clár na gCéimithe don Rialtas Áitiúil

- 147 Rannpháirtí
- Clár 3 Bliana



Oiliúint Údaráis Áitiúil

8 x 'A-Z of Irish Government' Clár do 400 Ball Foirne Údaráis Áitiúil

4 Chlár Oiliúna Reachtaíochta do 190 Bainistíocht Údaráis Áitiúil



Fóram Tithíochta

12 Imeacht

100 duine ar an meán i láthair ag gach ceann díobh

Comhdháil na gCleachtóirí Tithíochta: 253 Duine i láthair



Ár dTaighde agus ár bhFoilseacháin in 2022

Tionscadail Taighde

Arna choimisiúnú ag:

1. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) ar i. Dúshlán don Ghníomhaireacht, ii. Ceachtanna a Foghlaimíodh ó Rialachas Uisce, iii. Taighde arna leathanú ar Rialachas & Cur i bhFeidhm Príomhréimsí Comhshaoil
2. DPENDR chun Taighde a dhéanamh ar Acmhainn Gníomhaithe ar son na hAeráide ar fud na Státseirbhíse 2022-3
3. European Public Administration Knowledge (EUPACK)



Leabhair

- *Ireland – A Directory 2023*
- *Housing in Ireland: Beyond the Markets*
- *The Irish Department of Finance 1959–99*
- *Local Matters: Parish, Local Government and Community in Ireland*
- *Fighting for the Clerical Grades*



Foilseacháin

EPA: *Lessons Learned*

from Water Governance

Dublin City Council: *Remunicipalisation of Waste Research*

Treochtaí na hEarnála Poiblí (13ú hEagrán)

4 eagrán de *Administration Dialann*



Seachadadh Seirbhíse IPA a Bhainistiú agus a Choinneáil

Faomhadh Sheanad OÉ maidir le Dearbhú Cáilíochta IPA Creatlach do 7 mBliana Eile



Microsoft Secure Score 80%

(Meán 40% d'Eagraíochtaí den chineál céanna)



Tionscadal Ascnaimh Microsoft Críochnaithe



Seachadadh an Chláir Foghlama Cumaisc



Coisc Balla Dóiteáin

606,000



2,380 Ticéad Tacaíochta TF Réitithe

Meánaga don Réiteach: 86 Nóiméad



Beartas agus Socruithe Oibre Cumaisc



Cibearshlándaíl

Teagmhais Nialasacha



06. Feidhmíocht: An tEolas is Deireanaí ó na Rannóga



6.1 Oideachas

An Dr Michael Mulreany, Leas-Ardstiúrthóir

Forbhreathnú ar an Oideachas

D'fhonn misean an IPA a chomhlíonadh chun caighdeán agus cleachtas an riaracháin phoiblí agus an bheartais phoiblí a chur chun cinn, lean an Rannóg Oideachais ar aghaidh ag soláthar réimse clár foghlama tríú leibhéal atá creidiúnaithe ag OÉ. Bhí siad seo idir Leibhéal 6 agus Leibhéal 10 CNC. Cuireann sé seo ar chumas an IPA caighdeán cháilíochta an eolais, na scileanna agus na hinniúlachta a chur chun cinn do cheannairí, bainisteoirí agus oifigigh sa tSeirbhís Phoiblí, trí chéim a bhaint amach ónár gcuid clár.

In 2022 chuir an Rannóg Oideachais punann ilghnéitheach de bhreis agus cúig chlár agus seasca ar fáil, lena n-áirítear sainsruthanna ceardlainne, tascanna, tráchtas sruthanna speisialtóireachta, clár earnáilsonracha agus clár a bhaineann go sonrach le feidhm. Agus an chuspóir straitéiseach á comhlíonadh againn chun freagairt do riachtanais phráinneacha agus fhadtéarmacha na Seirbhíse Phoiblí, tugadh aghaidh freisin ar an gceanglas acmhainn a thógáil agus tacú leis an Straitéis um Athchóiriú na Seirbhíse Phoiblí (*Our Public Service 2020*).

Mar aon leis an seachadadh rathúil agus measúnú ar chlár fochéime agus iarchéime, bhain an Rannóg Oideachais roinnt garspríocanna suntasacha agus éachtaí ceannródaíocha amach in 2022. Ina measc sin bhí tuilleadh éagsúlaithe ar an bpunann foghlama chun freastal ar an éileamh ar speisialtóireachtaí, seoladh formáid nua seachadta na gclár foghlama cumaisc chun foghlaim sholúbtha a chumasú, faomhadh ó OÉ ar éifeachtacht Dearbhú Cáilíochta an Fhorais, agus tionscadal taighde ardleibhéal do Chomhairle na hEorpa/an Coimisiún Eorpach.

Agus aitheantas á thabhairt don chastacht laistigh de thimpeallacht na Seirbhíse Phoiblí atá ag leanúint ar aghaidh agus ag méadú, leanann an IPA ag freagairt d'éileamh méadaitheach chun tacú le cáilíochtaí comhlántacha breise do speisialtachtaí riachtanacha. Tá a phunann ag forbairt go leanúnach, ag tairiscint réimse ilghnéitheach teastas gairmiúil agus dioplómaí gairmiúla i réimsí ar nós rialachais, anailís bheartais, airgeadais, Bainistiú AD, soláthar poiblí agus bainistíocht tionscadal.

Is é atá i gceist le seachadadh rathúil gach clár babhtaí léachtaí, seimineár i ndiaidh a chéile maoirseacht, riarachán agus comhordú clár/modúil, monatóireacht, athbhreithniú agus forbairt, measúnú, earcaíocht mac léinn agus tacaíocht, agus gníomhaíochtaí dearbhú cáilíochta/creidiúnaithe.

Seachadadh & Measúnú ar Chláir Chreidiúnaithe

Cláir Fhoghlama

Sa bhliain 2022 thairg an Rannóg Oideachais clár idir Leibhéal Teastais, is é sin, Leibhéal 6, go Leibhéal 10, is é sin, Dochtúireacht, sa Rialachas (trí dhioplómaí gairmiúla, fochéimeanna, dioplómaí iarchéime agus máistreachtaí).

In 2022, áiríodh ar na clár a cuireadh ar fáil:

Leibhéal 10 (Príomhábhar)	Dochtúireacht i Rialachas
Leibhéal 9 (Príomhábhar)	MA le 6 shruth speisialtóireachta
	MSc le 2 shruth speisialtóireachta
	MEconSC
	2 Dioplóma larchéime
Leibhéal 9 (Sainchuspóir)	6 Teastais larchéime
Leibhéal 8 & 9 (Sainchuspóir)	3 Teastais larchéime
Leibhéal 8 (Príomhábhar)	2 Bunchéimeanna – BA (Onóracha) le 6 shruth speisialtóireachta
	Céimeanna BBS (Onóracha) le 4 shruth speisialtóireachta
Leibhéal 8 (Sainchuspóir)	8 Dioplóma Gairmiúla
Leibhéal 6 & 7 (Sainchuspóir)	8 Dioplóma Gairmiúla (2 cheann le sruthanna speisialtóireachta)
Leibhéal 6 (Mionábhar & Sainchuspóir)	9 Teastas



Ag seoladh na Straitéise nua IPA, *A New Era of Learning*, bhí (c- d) an Dr John O'Neill, Ceann Taighde, Foilsitheoireachta agus Caidrimh Chorparáidigh, IPA; an Dr Michael Mulreany, an tArd-Stiúrthóir Cúnta, IPA; Noreen Fahy, Stiúrthóir Seirbhísí Airgeadais & Corparáideacha, IPA; an Dr Philip Byrne, Stiúrthóir (Gníomhach), Oiliúint, IPA; an t-aoi oinigh, an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Michael McGrath, TD; Teresa Casserly, an Stiúrthóir Oiliúna & Seirbhísí Idirnáisiúnta, IPA; Helen Brophy, an tArd-Stiúrthóir, IPA; agus Aidan Horan, an Stiúrthóir Oiliúna, IPA.

Líon na Mac Léinn

Bhí líon na mac léinn ag méadú i gcónaí agus iad ag tabhairt faoi shainoideachas trínár bpunann éagsúlaithe clár. Baineadh fás 40% amach thar thréimhse deich mbliana.

In 2022 chláraigh 1,800 mac léinn san iomlán do chlár oideachais. Bronnadh cáilíochtaí céime agus dioplóma ar 967 céimí ag ár searmanas bliantúil 2022 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Fuair 599 mac léinn eile teastas ó OÉ.

Clár Saincheaptha & Nua

Agus ár misean á chomhlíonadh againn, tá an Foras freagrúil do chlár a chumasú nach bhfuil ar fáil go héasca in institiúidí eile. Lasmuigh de bheith ag dul i ngleic le ceisteanna a bhaineann le réimsí éagsúla den tSeirbhís Phoiblí, freastalaíonn samhail forbartha clár na Rannóige Oideachais ar riachtanais leanúnacha agus ar shainriachtanais a thagann chun cinn trí phríomhstraitéisí rialtais nó trí straitéisí roinne.

Mar shampla, in 2022, d'fhorbair an IPA an Teastas Gairmiúil nua in Acmhainní a fháil d'Fhostaithe agus Earcaíocht agus chumasáigh sé é i gcomhar leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Thairg sé clár athnuachana Teastais san Eacnamaíocht freisin chun freagairt do riachtanais foirne na Roinne Gnóthaí Eachtracha atá lonnaithe sa bhaile agus thar lear i mbreis is crios ama amháin. Leanadh ar aghaidh le clár a forbraíodh in 2021 d'fhoireann an DPENDR (Diplóma Gairmiúil i Nuálaíocht na Seirbhíse Poiblí agus Teastas Gairmiúil i mBainistíocht Caiteachais Phoiblí) le linn 2022.

Ina theannta sin, cuireadh tús arís le clár parlaiminteach na Stát Aontaithe, a cuireadh ar sos le linn Covid mar gheall ar shrianta taistil do mhic léinn, i bhfómhar 2022.

Samhail Nua an tSeachadta Chumaisc

Ba éacht suntasach in 2022 é samhail nua um sheachadadh cumaisc oideachais a sheoladh. Cumasaíonn sé an meascán de theagasc ar líne agus duine le duine ina cláir. Forbraíodh go luath in 2022 é, de réir mar d'éirigh an IPA aníos ó shrianta Covid an rialtais agus cumasaíonn sé foghlaim sholúbtha do mhic léinn mar chaighdeán. Leathnaíonn sé rochtain ar an gclár, ag tairiscint raon níos leithne modhanna do mhic léinn sa bhaile agus thar lear.

Le linn na srianta paindéime Covid, d'éirigh leis an Rannóg Oideachais an dúshlán a bhaineann lena samhail seachadta a chur i bhfeidhm chun 1,300 seimineár gréasáin agus 800 léacht réamhthairseadta a chumasú do 1,800 foghlaimeoir cláraithe gach bliain. D'éiligh sé seo coigeartuithe a bhí dian ar acmhainní ar ábhair sa seomra ranga, úsáid teicneolaíochta nua chun ranganna ar líne a chumasú agus forbairt comhthaoibhachta físe forlíontaí. Chuir an infheistíocht seo le breis sástachta na mac léinn in 2022 i gcomparáid le 2021 (ó 80% go 90%) agus ba ionann sástacht na léachtóirí agus 90%.

D'fhreagair an Rannóg Oideachais don athrú ginearálta ar mhodhanna foghlama tar éis na paindéime. Níor dhócha go rabhthas chun filleadh go hiomlán ar fhoghlaim lánaimseartha, phearsanta sa seomra ranga ach bhí fonn ar fhoghlaimeoirí roghanna pearsanta a atosú as ar eascair tacaíocht fheabhsaithe do mhic léinn agus cairdeas. Agus na hionchais maidir le foghlaim sholúbtha a bhí ag méadú á gcur san áireamh againn aithníodh an gá a bhí le samhail foghlama cumaisc solúbtha trí fhoghlaim phearsanta agus foghlaim ar líne, agus tugadh aghaidh uirthi seo.

Forbraíodh an tsamhail foghlama cumaisc trí chomhoibriú le comhghleacaithe, lena n-áirítear oifig Chláraitheora an IPA, comhordaitheoirí cláir, léachtóirí, léachtóirí comhlacha agus foireann riaracháin. Glacadh socrúithe creidiúnaithe OÉ, tuairisceoirí cúrsa forordaithe & torthaí foghlama, castachtaí lóistíochta agus amchláir, agus infheidhmeacht acmhainní nua ar líne san áireamh sa tsamhail foghlama. Cuimhníodh ar rudaí a foghlaimíodh ó na cuir chuige sholúbtha a breithníodh roimh Covid agus le linn Covid araon. Seoladh

i bhfómhar 2022 í don bhliain acadúil 2022-3.

Trí sheachadadh clár níos solúbtha a chumasú, tugadh aghaidh ar an gcuspóir freastal ar mhic léinn na seirbhíse poiblí cibé acu atá siad lonnaithe sa tír seo nó thar lear inár n-ambasáidí nó i gciosanna ama difriúla.

Tá na mic léinn an-sásta leis an tsamhail chumaisc agus ghlac siad léi go fonnmhar in ainneoin an dúshlán inmheánaigh a bhaineann le í a bheith dian ar acmhainní. Tá gá le hullmhú agus seachadadh 2,300+ rang in aghaidh na bliana ina bhfuil 900+ seisiún teagaisc seimineár gréasáin beo ar leith, 900+ seimineár sa rang agus 500+ léacht réamhthairseadta.

Gnóthachtálacha Dearbhú Cáilíochta

Tá bonn foirmiúil agus faomhadh ollscoile na bpróiseas Dearbhú Cáilíochta mar bhonn agus mar thaca ag caighdeán agus sláine chláir an Fhorais agus is fóir sin don gcreidiúnú OÉ a chuireann siad ar fáil dá réir.

I mí Eanáir 2022 ba chloch mhíle lárnach é faomhadh Sheanad OÉ do nósanna imeachta Dearbhú Cáilíochta an Fhorais go ceann seacht mbliana eile. Tháinig an faomhadh mar thoradh ar Athbhreithniú Dian Institiúideach ar Éifeachtacht Dearbhú Cáilíochta ar an IPA, ag OÉ, in 2021. Lena linn sin, chomhlíon an Foras a riachtanas reachtúil faoin Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta 2012.

In 2022 thug an Rannóg Oideachais faoina clár Dearbhú Cáilíochta bliantúil. Chuimsigh sé seo athbhreithnithe ar gach modúl agus suirbhé ar shásamh na mac léinn, athbhreithniú agus leasú ar bheartais agus nósanna imeachta IPA, tuarascálacha ar staitisticí scrúduithe, forbairtí teagaisc agus foghlama, anailís fostóirí agus aiseolas ó mhic léinn.

Bunaíodh Oifig um Dhearbhú Cáilíochta chun creat Dhearbhú Cáilíochta an Fhorais a thabhairt chun rialtachta agus a chothú. Tuairiscíonn an Oifig don Chláraitheoir Cúnta agus tá oifig Oifigeach Dearbhú Cáilíochta agus Oifigeach Tionscadail sealadach um Dhearbhú Cáilíochta ag obair inti. Chomhlíon an méid seo an gá atá le huas-scálú agus le freagairt do chastacht obair an Dearthaithe

Cháilíochta atá rithabhachtach do shláine chláir oideachais an IPA. Leathnaíodh freagrachtaí Dearbhú Cáilíochta do ról chláir fhocheime agus iarcheime, rud a d'fhág gur méadaíodh ualaí oibre.

Leagadh amach san Athbhreithniú ar Éifeachtacht Dearbhú Cáilíochta go leor formhuinithe dearfacha a shainithin painéal idirnáisiúnta athbhreithnitheoirí OÉ. Ar an gcéad dul síos, dhearbhaigh sé gur chomhlíon rialachas an IPA, caighdeán acadúla, rannpháirtíocht foghlaimeoirí, seachadadh cláir, Dearbhú Cáilíochta agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara gach ionchas. Ar an dara dul síos, mhol sé go háirithe an creat fairsing bainistíochta beartais agus an rialachas láidir 'a ndearnadh tástáil air le linn géarcheime', cáilíocht an teagaisc, díriú láidir ar mhac léinn na heagraíochta, agus na hardleibhéil spreagtha agus dúthrachta i measc na mball foirne.

Ar an tríú dul síos, mhol sé obair bhunathraithe an IPA maidir le Dearbhú Cáilíochta a bhí mar bhonn agus mar thaca ag dearadh, seachadadh agus bainistíocht clár, teagasc, tacaíocht agus measúnú.

Rinne painéal OÉ trí mholadh is fiche le breithniú i bPlean Feabhsúcháin Cáilíochta (QIP) an IPA. Is plean dhá bhliain é seo agus toradh caighdeánach ar gach athbhreithniú institiúideach tríú leibhéil. Chuir an IPA a QIP beartaithe isteach le haghaidh 2022/4 chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí isteach lena fhaomhadh chuig OÉ. Ceadaíodh an plean i mí an Mheithimh 2022.

As trí mholadh is fiche, bhain aon mholadh déag le seachadadh clár creidiúnaithe na Rannóige Oideachais (i measc na míreanna bhí earcú foirne léachtóireachta nua, athbhreithniú ar ualaí oibre agus inniúlachtaí na foirne léachtóireachta, agus giniúint pleananna taighde agus foilseacháin aonair don fhoireann). Bhain moltaí painéil eile le rialachas, straitéis agus bonneagar corparáideach ar fud an IPA.

Tá dul chun cinn ar an bplean ar an mbóthar ceart agus ag deireadh 2022 bhí na sé ghníomh shuntasacha seo a leanas críochnaithe:

1. Atosú ar 'Issues in Public Administration', sraith mhonagraif taighde le mic léinn agus baill foirne iarcheime. (I mí na Nollag 2022 d'fhoilsigh an IPA *Understanding the Internal Audit Function in the Irish Public Sector*.)



2. Acmhainní a fhorbairt chun cabhrú le léachtóirí taithí a chur ar eilimintí teicniúla agus oideolaíocha den seachadadh agus den mheasúnú.
3. Treoir nua agus oiliúint ar líne chun tacú le léachtóirí marcanna measúnaithe a ailíniú agus tráchtairacht aiseolais le tuairisceoirí grád (béim ar ábhar, cur chuige, argóint agus cur i láthair a mheas).
4. Sraitheanna ceisteanna sannacháin fheabhsaithe (ar mhaithe le mic léinn) do gach modúl a shainaithníonn príomhthorthaí foghlama a bhfuiltear ag díriú orthu, agus a chuireann léachtóir ar fáil ionchais, amlínte treorach, naisc le dea-chleachtas tagartha agus rialacháin maidir le bradail.
5. Mol Tacaíochta nua VLE na Mac Léinn do gach mac léinn cláraithe – stór cuimsitheach ina bhfuil tacaíocht do mhic léinn agus comhairle acadúil (ar staidéar páirtaimseartha, ullmhúchán do scrúduithe); treoir agus físeáin teagaisc ar scríbhneoireacht acadúil; acmhainní d'ábhair theicniúla (m.sh. modhanna cainníochtúla); Ceisteanna Coitianta faoi chúrsaí riaracháin;

rialacha agus rialacháin; faisnéis faoi fholláine mac léinn.

6. 'Seiceáil isteach' foirne riaracháin & Dearbhú Cáilíochta le mic léinn ar an bhfón le linn na bliana acadúla mar chuid d'fheabhsuithe ar thacaíocht do mhic léinn.

Taighde Ardleibhéil

Tá fás nach beag tagtha ar chomhpháirteanna taighde na gclár iarchéime atá creidiúnaithe gag an IPA. Amhail 2022, tá ar mhic léinn ar chláir mháistreachta (MA, MSc & MEcon. Eolaíocht) tráchtas taighde idir 12,000 agus 24,000 focal a scríobh. Ag leibhéal dochtúireachta, don tráchtas ar chleachtas gairmiúil, is é an riachtanas 12,000 focal, ach i gcás éilíonn tráchtas príomhábhair ní mór 50,000 focal a scríobh.

Thug taighde mac léinn an IPA buntáistí soiléire d'anailís bheartais agus d'fheabhsuithe ar sheachadadh seirbhíse atá bunaithe ar fhianaise, ar fud na Seirbhíse Poiblí. Ag an am céanna, tá sé dian ar acmhainní ó thaobh maoirseachta de, mar cuireann sé ualach níos mó ar bhuanfhoireann léachtóireachta.

Mar sin féin, lean an IPA de bheith ag cur le tionscadail mhóra taighde. Mar shampla, i mí na Bealtaine 2022, D'éirigh le foireann na Rannóige Oideachais tionscadal taighde a chur i gcrích, thar ceann Chomhairle na hEorpa/an Choimisiúin Eorpaigh, maidir le claoclú Sheirbhísí Cúirte na Cipire.

6.2 Seirbhísí Leabharlainne agus Faisnéise

Senan Healy, Ceann Seirbhísí Leabharlainne agus Faisnéise

Forbhreathnú Leabharlainne

Is í an Foras an t-aon leabharlann speisialtóireachta sa tír atá tiomnaithe do riarachán poiblí. Cuireann an Leabharlann, atá lonnaithe i mBóthar Lansdún, seirbhís iasachta, tagartha agus faisnéise ar fáil do mhic léinn, do bhaill foirne agus do bhaill an Fhorais. Cuirtear fáilte freisin roimh cheisteanna ó thaighdeoirí ar an bhfón nó ar ríomhphost. Cuirtear rochtain ar fáil ar leabhair, ar ríomhleabhair, ar irisí, ar bhunachair sonraí leictreonacha, ar thuarascálacha, ar staitisticí agus ar fhoilseacháin oifigiúla i réimse ginearálta na bainistíochta poiblí. Clúdaíonn an tseirbhís seo raon leathan ábhar, lena n-áirítear bainistíocht, eacnamaíocht, socheolaíocht, dlí, coireolaíocht, sláinte, airgeadas, inbhuanaitheacht agus rialtas áitiúil. Dhaingnigh forbairt agus coimeádaíocht leanúnach bailiúcháin fíorspeisialta na leabharlainne tar éis a háit mar phríomhacmhainn náisiúnta i réimse na bainistíochta poiblí agus an riaracháin phoiblí, agus mar acmhainn luachmhar don rialtas agus don tSeirbhís Phoiblí.

Seirbhísí

Is í an fhís atá ag Leabharlann an IPA ná a bheith mar chuid lárnach dhílis de phobal an Fhorais a chuireann ár n-úsáideoirí i dteagmháil leis an bhfaisnéis a theastaíonn uathu chun cabhrú leo rath a bhaint amach. Tá sé mar aidhm ag an Leabharlann cultúr cleachtais agus cinnteoireachta atá bunaithe ar thaighde a chur chun cinn, seirbhísí solúbtha, sofhreagracha d'ardchaighdeán a chur ar fáil atá ar aon dul le riachtanais ár gcustaiméirí, agus cabhrú chun rath acadúil a chumasú trí scileanna riachtanacha litearthachta faisnéise a chothú. Is é príomh-mhisean na Leabharlainne rochtain ar an bhfaisnéis agus ar an taighde is fearr a chur ar fáil go tráthúil do mhic léinn, do bhaill foirne agus do bhaill an Fhorais, agus comhairle a thabhairt maidir le húsáid chúí chriticiúil eiticiúil na faisnéise.

In 2022 lean an leabharlann ar aghaidh ag forbairt a bailiúcháin trí théacsanna tábhachtacha a cheannach i bhformáidí clóite chomh maith leis an rogha ríomhleabhar rochtana oscailte atá le cur i gcatálog na leabharlainne. Cuireadh 700 mír leis an mbailiúchán. I rith an tsamhraidh chríochnaigh foireann na leabharlainne fardal de na 28,000 mír chlóite a coinníodh sa leabharlann chun seiceáil a dhéanamh ar mhíreanna nach raibh aicmithe i gceart, chun bail gach míre a sheiceáil agus chun eagrán nua a chur in ionad míreanna atá as dáta. Mar chuid den chéad chéim eile i bhforbairt an chórais bainistíochta leabharlainne, Koha, cuireadh modúl sraitheanna leis a úsáidtear chun súil a choinneáil ar irisí, nuachtáin agus míreanna eile a thagann ar sceideal rialta. Tháinig an modúl sraitheanna ar líne in ionad córas páipéarbhunaithe chun fáiltas irisí agus nuachtán a rianú agus tugann sé deis don fhoireann sceidil tuartha a chur ar bun maidir le cathain atá irisí ar fáil, foláirimh uathoibríthe a chruthú d'fhoilsitheoirí nuair nach bhfaightear irisí, chomh maith le deis a thabhairt do mhic léinn féachaint ar an bhfaisnéis is deireanaí faoi imleabhair irisí atá i seilbh an IPA.

I mí Mheán Fómhair d'oscail an leabharlann a seomraí léitheoireachta do mhic léinn den chéad uair ó Mhárta 2020 ag an am céanna a fillleadh ar an múinteoireacht phearsanta. Is é aidhm na leabharlainne an t-eolas agus na hacmhainní cearta a chur ar fáil san fhormaid is oiriúnaí agus ar bhealach tráthúil do réimse cliant atá éagsúil agus scaipthe go geografach. Úsáideann an leabharlann bealaí éagsúla cumarsáide chun a cuid seirbhísí a chur chun cinn. Cuireann leabharlannaithe seisiúin treoshuimh ar fáil do mhic léinn ag tús na bliana acadúla chomh maith le seisiúin eolais do mhic léinn aonair nó do ghrúpaí (ar líne agus go pearsanta) i gcaitheamh na bliana. Freastalaíonn an Ceann Seirbhísí Leabharlainne agus Faisnéise ar sheisiúin eolais do mhic léinn atá ag tosú ar obair thaighde le haghaidh tráchtas agus cuireann sé/sí comhairle orthu maidir leis an gcúnamh leabharlainne atá ar fáil dóibh.

Tá seomraí léitheoireachta ar fáil le haghaidh staidéir, chun féachaint ar leabhair agus iad a fháil ar iasacht, agus chun rochtain a fháil ar acmhainní leictreonacha. Is féidir le mic léinn leas a bhaint as an tseirbhís leabharlainne ar an bhfón, trí ríomhphost, trí chomhrá gréasáin nó trí rochtain a fháil ar bhunachair sonraí leictreonacha agus na mílte alt irise lán-téacs trí Moodle. Is féidir ábhair nach bhfuil sa Leabharlann a lorg tríd an tseirbhís iasachtaí idirleabharlainne agus is féidir míreanna a sheachadadh i gcóip chrua nó go leictreonach.

Le linn an téarma bíonn an leabharlann ar oscailt ó 9.15 a.m. go dtí 7.00 p.m., Luan go Déardaoin, agus go dtí 5.00 p.m. Dé hAoine. Osclaíonn sé freisin ó 9.00 a.m. go dtí 2.00 p.m. ar mórchuid na Satharn le linn an téarma. Tá faisnéis iomlán agus cothrom le dáta faoi uaireanta oscailte ar fáil ar láithreán gréasáin an IPA.



Ar an 28 Samhain seoladh an seachtú bliain is caoga d'fhoilseachán leanúnach *Ireland – A Directory*. Bhronn Helen Brophy, Ard-Stiúrthóir an IPA cóip chabhraithe de ar an Tánaiste agus Aire Fiontar, Leo Varadkar, TD.

6.3 Oiliúint

An Dr Philip Byrne, Stiúrthóir | Teresa Casserly, Stiúrthóir

Forbhreathnú ar an Oiliúint

Seachadann an Rannóg Oiliúna punann fhairsing seirbhísí oiliúna agus comhairleoireachta, ag freastal ar riachtanais oiliúna agus forbartha na Seirbhíse Poiblí ina hiomláine agus ag seachadadh torthaí a mbíonn tionchar acu. Dearann sé croíchláir a bhfuil feidhm ghinearálta acu ar fud na Seirbhíse Poiblí agus cláir shaincheaptha a thairgeann réitigh shaincheaptha mar fhreagairt ar riachtanais chliant ar leith. Chomh maith le heolas agus cláir atá bunaithe ar scileanna, áirítear leo sin seimineáir, comhdhálacha agus líonraí. I measc na gcliant tá ranna rialtais, oifigí, údarás áitiúla agus gníomhaireachtaí.

Tá sainordú uathúil ag an bhForas chun freastal ar riachtanais oiliúna agus forbartha na hearnála rialtais áitiúil, ina bhfuil aon údarás áitiúil is tríocha, an CCMA, LGMA, AILG agus an Gníomhaireacht Tithíochta.

Lean sraith foirne sainoiliúna na Rannóige ar aghaidh ag soláthar saineolais riachtanaigh chun teagmháil a dhéanamh agus dul i gcomhpháirtíocht maidir le réitigh chliant a aimsiú, chun ábhar atá cothrom le dáta a dhearadh agus a fhorbairt, agus chun

na cláir a sheachadadh agus na réitigh foghlama, lena n-áirítear a réimse clár gairmiúil creidiúnaithe. I measc fhoirne na Rannóige tá Ceannaireacht agus Bainistíocht, TF/Córais Ghnó, Bainistíocht Straitéiseach Acmhainní Daonna, Rialachas, Bainistíocht Airgeadais agus Rialtas Áitiúil. Tá nuashonruithe ó gach ceann leagtha amach thíos.

Chomh maith le hoiliúint, cuireann an Rannóg ar chumas fhoireann na Seirbhíse Poiblí nascadh, foghlaim agus líonrú níos faide ná a gceantair feidhme chun eolas a chur ar réimsí laistiar dá ngnáthréimsí eolais agus dearcadh earnála níos leithne a chothú. Thacaigh comhdhálacha sonracha agus fóraim shonracha leis an gcuspóir seo le linn 2022 – luaitear iad seo sna nuashonruithe ar an limistéar feidhme thíos.

D'oibrigh an Rannóg chun a cuid comhpháirtíochtaí cliant a chothú ar fud na Seirbhíse Poiblí, na státseirbhíse, na rialtas áitiúil, earnálacha na sláinte agus an oideachais, i gcomhlachtaí stáit tráchtála agus neamhthráchtála, agus in earnáil an tsochair phoiblí. Chomhoibrigh sé le príomhpháirtithe leasmhara maidir le dearadh agus seachadadh réimse cúrsaí poiblí agus cláir shaincheaptha. Ar an mbealach seo, choinnigh an Rannóg réitigh foghlama a bhaineann le hábhar agus atá freagrúil do riachtanais oiliúna, a thagann chun cinn go leanúnach le bheith costéifeachtach agus a bhaineann caihdeáin den scoth amach.

Ag bogadh ar aghaidh ó ghéarchéim na paidéime, tá an Rannóg tar éis an leas is fearr a bhaint as na réitigh hibrideacha solúbtha a dearadh i dtréimhsí géarchéime chun gur féidir rogha níos mó de réitigh chumaisc a thairiscint. Cuireann an tsolúbthacht mhéadaithe seo ar chumas fhoireann na Seirbhíse Poiblí in Éirinn agus thar lear rochtain a fháil ar na réitigh foghlama. Tá an Rannóg ag súil le leanúint ar aghaidh ag tairiscint réitigh chumaisc chun rochtain ar fhoghlaim agus ar fhorbairt a chumasú ag am ar bith, in áit ar bith.

Ag léiriú na n-éileamh oiliúna, d'eagraigh an Rannóg í féin ar fud roinnt foirne a léiríonn croí-chumaisc agus speisialtachtaí chun a chinntiú gur seachadadh na réitigh is fearr go héifeachtach. Bhain gach foireann úsáid as a saineolas ar leith cláir agus ábhair chun cláir phoiblí ghaolmhara agus cláir shaincheaptha a sholáthar. Thacaigh an Fhoireann Forbartha Gnó leis na foirne, dhírigh siad ar rannpháirtíocht na gcliant, gníomhaíocht mhargaíochta, deiseanna nua gnó, tairiscintí agus feabhsuithe cáilíochta a bhainistiú, agus croíphointe teagmhála a chur ar fáil do chliant.

Forbairt Ceannaireachta agus Bainistíochta

Lean an Rannóg Oiliúna ar aghaidh ag cur cumas ceannaireachta agus bainistíochta chun cinn sa tSeirbhís Phoiblí le linn 2022 agus na réitigh foghlama atá ar fáil á gcur chun cinn ag an am céanna. Tugadh dúshlán na rannpháirtithe foghlaim a aistriú go gníomhach dá dtimpeallacht oibre ar mhaithe le páirtithe leasmhara na Seirbhíse Poiblí. I bhfianaise an aistrithe chuig timpeallachtaí oibre hibrideacha, díriodh ábhar an chláir ar an gcumas agus an mhúinín a thógáil chun feidhmíocht a threorú agus a bhainistiú go héifeachtach sa ghnáthshaol nua seo.

Fócas in 2022

I gcomhar le hearnálacha na státseirbhíse, an oideachais, na sláinte agus an rialtais áitiúil agus gníomhaireachtaí stáit, rinne an IPA idirghabhálacha a dhearadh agus réitigh chumaisc a chumasú.

In 2022 seachadadh 494 lá d'fhorbairt shaincheaptha do 3,000 rannpháirtí de gach leibhéal agus earnáil. I measc na gclár bhí an réimse Leibhéal ó Chléireachas go Príomhoifigeach sa Státseirbhís agus Grád 3/Leibhéal larchéime go Stiúrthóir Leibhéal Seirbhíse sa Rialtas Áitiúil. I measc na n-ábhar bhí idir nósanna imeachta na státseirbhíse agus forbairt cumas-bhunaithe ar inniúlacht, cumas ceannaireachta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán eárnála agus ar athrú, nuálaíocht ar chultúr eagraíochtúil agus seachadadh seirbhíse do chustaiméirí.

I measc na gclár do cheannairí agus do bhainisteoirí sinsearach bhí na creataí agus na teicnící ceannaireachta is déanaí chun athrú oiriúnaitheach a threorú d'fhonn na huirlisí a thabhairt do cheannairí chun gur féidir leo déileáil leis na dúshlán straitéiseacha agus oibríochtúla. Bhí deis ag na rannpháirtithe dul i mbun na smaointeoireachta is déanaí maidir le conas an fhís agus na timpeallachtaí oibre fuinniúla a chruthú ina rannóga, ina bhfoirne agus ina n-eagraíocht.

Bhí forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) tábhachtach i gcónaí maidir le cumas an lucht saothair a fhorbairt i réimsí na bainistíochta ginearálta, na smaointeoireachta straitéisí, agus na scileanna gairmiúla agus speisialaithe, ag cur ar chumas bainisteoirí seirbhísí poiblí a threorú agus a bhainistiú go héifeachtach agus éilimh agus dúshlán amach anseo á réamh-mheas ag an am céanna. Tá FGL ina cuid thábhachtach de thogra luacha na Seirbhíse Poiblí, a chuireann ar chumas daoine a lánacmhainneacht a bhaint amach, a ngairmeacha beatha a fhorbairt agus a n-uailmhianta pearsanta agus gairmiúla a chur chun cinn ag an am céanna.

Le linn 2022 seachadadh sainchláir forbartha chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Éagsúlachta, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY), na Ranna Iompair, Díl agus Cirt agus Cosanta, Tithe an Oireachtais, Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann, an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, An tÚdarás Náisiúnta Iompair, BOOÉ agus údaráis áitiúla éagsúla.

Dearadh agus seachadadh Cláir Forbartha Grád d'fhoireann CO, EO, HEO/AO, AP agus PO. Chuige seo oibríodh as láimh a chéile le ranna rialtais, oifigí agus roinnt gníomhaireachtaí stáit. Tá roinnt clár ar siúl faoi láthair agus críochnóidh said in 2023. Chuir dlúthchomhar leis na Coimisinéirí Ioncaim ar chumas 100 bainisteoir sinsearach páirt a ghlacadh sa bhForbairt Bainistíochta Sinsearaí do APanna.

Forbraíodh clár nua, 'The Civil Servant in the Democratic Process', i gcomhar le RLCMLÓ agus Tithe an Oireachtais. Dhírigh sé ar thacaíocht a thabhairt d'fhoireann meánleibhéil agus foireann shinsearach atá nuathagtha chuig an státseirbhís.

Sa rialtas áitiúil, leanadh den éileamh láidir ar chláir Forbartha Bainisteoir Líne in 2022 ar fud gach leibhéal foirne riaracháin, teicniúla agus gairmiúla. D'fhorbair siad seo cumas bainisteora chun a ról a chomhlíonadh maidir le foirne a threorú, feidhmíocht a bhainistiú, tionscadail phoiblí shuntasacha a sheachadadh, próisis éagsúla a chur i bhfeidhm, agus beartas poiblí agus scéimeanna a chur i bhfeidhm ar mhaithe le leas an phobail.

Chun freastal ar an ngá atá le bainisteoirí amach anseo agus bainisteoirí atá ag teacht chun cinn chun scileanna ábhartha agus praiticiúla a fhorbairt, chuir na cláir Croiscileanna réimse topaicí ar fáil, lena n-áirítear topaicí pearsanta éifeachtach, scileanna gnó, bainistíocht coinbhleachta, faisnéis mhothúchánach, athléimneacht, cur i láthair agus scileanna éascaithe.

I measc na bpríomhbhuaicphointí ó 2022 bhí:

Forbairt Ceannaireachta san Earnáil Rialtais Áitiúil

Lean an clár Ceannaireachta i Rialtas Áitiúil ar aghaidh in 2022, le tacaíocht ón CCMA agus ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, d'fhoireann shinsearach ghairmiúil, theicniúil agus bhainistíochta ar fud an rialtais áitiúil. Dhírigh an clár ar qhéileáil le dúshláin cheannaireachta a bhíonn roimh cheannairí i rialtais áitiúla. Bhí croíchreataí inniúlachta ceannaireachta, piarfhoghlaim, cóitseáil aonair agus líonrú leis an mbainistíocht shinsearach mar bhonn agus mar thaca aige.

Chríochnaigh seacht rannpháirtí déag an clár in 2022 ó údarás áitiúla i gCeatharlach, sa Chabhán, sa Chlár, Cathair Chorcaí, Dún na nGall, Cathair Bhaile Átha Cliath, Fine Gall, Cill Dara, Ros Comáin, Sligeach, Tiobraid Árann, Cill Mhantáin, an Iarmhí agus Loch Garman.

Oiliúint do Chéimithe Rialtais Áitiúil

147 céimí san iomlán a bhí i mbun chlár na gCéimithe Rialtais Áitiúil. Is tionscnamh trí bliana é seo a sheachadtar i gcomhar leis an LGMA. Cuimsíonn sé forbairt inniúlachta chomh maith le meantóireacht trí bhealaí gairmiúla ábhartha chun deimhniúcháin agus creidiúnú acadúil atá aitheanta ag an tionscal a bhaint amach.

Ina theannta sin, reáchtáladh sé chlár atá creidiúnaithe go gairmiúil chun a chur ar chumas céimithe caighdeán tionscail a bhaint amach:

- Teastas in Anailísíocht Ghnó (BAAI);
- Lean Six Sigma (DCM Learning);
- Dioplóma i gCaidreamh Poiblí (PRII);
- Scileanna Sonraí do Ghairmithe/ Ardsceilanna Sonraí do Chleachtóirí (Analytics Institute of Ireland);
- Teastas i gCleachtas Daoine (CIPD);
- Dioplóma Gairmiúil i mBainistíocht Tionscadail (IPA agus PMI).

Clár Phoiblí

Cuireadh fiche clár poiblí i bhForbairt Bainistíochta ar fáil. Ghlac 300 ceannaire agus bainisteoir Seirbhíse Poiblí páirt in 2022.

Tugadh deiseanna sna cláir naisc a thógáil, líonrú agus peirspictíocht agus scileanna nua a fhorbairt agus an cumas a fhorbairt ag an am céanna dúshláin a réamh-mheas agus réitigh nuálacha a fhorbairt. Áiríodh ar an bpunann Bainistíocht Straitéiseach agus Athrú, Oiliúint Bainisteoir Líne, Forbairt Grád, Oiliúint Samhail- Bhreithiúnach, Éifeachtacht Phearsanta agus Scileanna Gnó.

Teicneolaíocht Faisnéise, Córais Ghnó agus Bainistíocht Tionscadail

Chuir an fhoireann seo réimse seirbhísí foghlama gairmiúla, oiliúna agus comhairleoireachta/comhairleacha ar fáil i dteicneolaíocht faisnéise, i gcórais faisnéise, i RGCS agus i gcosaint sonraí, i mbainistíocht tionscadail agus i réimsí gaolmhara. Le linn 2022, bhí éileamh i gcónaí ar an Teastas agus ar an Dioplóma i mBainistíocht Tionscadail agus an Dioplóma i Staidéar Ríomhaireachta agus fuair siad aiseolas dearfach. Bhí fás suntasach ar an éileamh ar Bhainistíocht Tionscadail agus ar oiliúint theicniúil Cosanta Sonraí GDPR. Mar fhreagra air sin cuireadh an Deimhniúcháin Bainistíochta Tionscadail (PRINCE2 2017® Foundation and Practitioner, Project Management Institute ACP (Agile), PMI CAPM agus PMI PMP) agus oiliúint RGCS ar fáil agus leathnaíodh í chuig eagraíochtaí na Seirbhíse Poiblí mar oiliúint shaincheaptha chun freagairt d'éileamh na gcliant.

Leanadh ar aghaidh le seachadadh Bainistíocht Cláir, Straitéis na Meán Sóisialta d'Eagraíochtaí Seirbhíse Poiblí agus oiliúint Microsoft Office mar fhreagairt ar éileamh.

Tugadh cúrsa nua Nuálaíochta Próiseas Gnó isteach le linn 2022. Ina theannta sin, éascaíodh comhdháil do chinn chórais faisnéise na n-údarás áitiúil.

Bainistíocht Acmhainní Daonna Straitéiseach

D'fhreagair an Rannóg Oiliúna don éileamh méadaitheach ar fhoghlaim ghairmiúil, oiliúint agus seirbhísí comhairliúcháin/ comhairleacha i mbainistiú agus idirghabháil acmhainní daonna. I measc na gclár bhí iad siúd atá creidiúnaithe ag CIPD agus ag MII.

Mar fhreagra ar éileamh láidir ar chlár CIPD ar fud na bpríomh - earnálacha, reáchtáladh trí chlár go lárnach d'eagraíochtaí cliant: an Dioplóma i gCleachtas Acmhainní Daonna, an Dioplóma i bhFoghlaim agus i bhForbairt agus an Teastas i gCleachtas Daoine. Tairiscint shuaitheanta ab ea é. Cháiligh rannpháirtithe ar éirigh leo do bhallraíocht bhunaidh CIPD.

Mar fhreagra ar éileamh láidir ar oiliúint idirghabhála chun tógáil cumais maidir le eagraíochtúla agus pobail coinbhleachtaí agus díospóidí san ionad oibre a bainistiú go héifeachtach, seachadadh ceithre cinn de chlár Idirghabhála Deimhnithe MII (trí chlár laistigh den IPA, ceann d'eagraíocht cliant). Cháiligh rannpháirtithe ar éirigh leo do bhallraíocht dheimhnithe den MII.

Ina theannta sin, reáchtáladh fiche cúrsa poiblí chun freastal ar éileamh ar oiliúint a bhaineann le hacmhainní daonna. I measc na gcúrsaí seo bhí Earcaíocht agus Roghnú Inniúlachta-bhunaithe, Tástáil Shíciméadrach, Acmhainní Daonna do Bhainisteoirí Líne, Gearán agus Smacht, Dínit ag an Obair, PMDS, TNA, Díl Fostaíochta, Saoráil Faisnéise do Chinnteoirí, Sábháilteacht Phearsanta ag an Obair agus Comhráite trócaireacha san Ionad Oibre.

An tAonad Rialachais

gairmiúil agus creidiúnaithe agus oiliúint ghairmiúil agus chreidiúnaithe, comhairleoireacht/tacaíocht chomhairleach do cliant i rialachas ar fáil do ranna rialtais, do chomhlachtaí stáit, d'institiúidí ardoideachais, d'údarás áitiúla agus d'eagraíochtaí neamhbhrabúis. Bhí an t-éileamh agus meastar go bhfanfaidh sé mar seo. Cuireadh tacaíocht ar fáil freisin do mhodúil rialachais laistigh de chlár iarchéime an IPA – Teastas Gairmiúil i Rialachas agus Dochtúireacht i Rialachas.

Lean an Fóram Rialachais de bheith ina fhoinsé luachmhar comhairle, oiliúna, faisnéise, comhairleachta agus tacaíochta maidir le dea-rialachas a chothú do na balleagraíochtaí, agus béim ar leith ar chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí stáit, comhlachtaí rialála, institiúidí ardoideachais, ranna rialtais, údarás áitiúla agus eagraíochtaí neamhbhrabúis, eagraíochtaí leasa phoiblí agus eagraíochtaí sochair phoiblí. Seachadadh seacht n-imeacht déag do thart ar 110 balleagraíocht in 2022. Ar na hábhair áiríodh Athbheithnithe Boird agus Coiste, Athbheithnithe ar Chreat Rialachais agus Athbheithnithe ar an Chreat Bainistíochta Riosca. I measc an ábhair ábhartha freisin bhí rialachas agus cultúr, cibearshlándáil, fonn riosca, inbhuanaitheacht, éifeachtacht an bhoird, straitéis, agus cóid chleachtais agus caighdeán rialachais éagsúla a chur chun feidhme.

Chuir an tAonad Rialachais oideachas D'éascaigh an Fóram Lónra na gCathaoirleach agus Lónra na Rúnaithe Boird freisin, agus chumasaigh sé tacaíochtaí trí nuashonruithe agus podchraoltaí ar shuíomh gréasáin an Fhórait. Lean seirbhísí ag forbairt mar fhreagairt ar riachtanais agus forbairtí na mball-eagraíochtaí sa rialachas araon.

Ina theannta sin, cuireadh cúig chúrsa dhéag poiblí ar rialachas ar fáil d'eagraíochtaí na Seirbhíse Poiblí.

Bainistíocht Airgeadais agus Cuntasaíocht

Agus an sprioc á baint amach chun feabhas a chur ar an gcumas bainistíochta airgeadais agus cuntasaíochta ar fud na hearnála, soláthraíodh tacaíochtaí gairmiúla agus creidiúnaithe oideachais, oiliúna agus comhairleoireachta/comhairleoireachta i mbainistíocht airgeadais, rialachas, dearbhú agus iniúchadh le linn 2022.

Cuireadh fiche cúrsa poiblí ar fáil. Áiríodh orthu sin cúrsaí ar an gCód Caiteachais Phoiblí, Bainistíocht Buiséid, Airgeadas do Bhainisteoirí Neamh-Airgeadais, Cuntasaíocht Vóta, Iniúchadh Inmheánach, Feasacht Calaíse, Airgeadas do Stiúrthóirí Neamh-Airgeadais (bunúsach, idirmheánach agus ardleibhéal) agus Aibíocht Bainistíochta Airgeadais.

Reáchtáladh an Chomhdháil do Cheannairí Airgeadais na nÚdarás Áitiúil freisin.

Chuidigh trí chlár phoiblí atá creidiúnaithe ag CIPFA, le rannpháirtithe a bhain amach an Teastas Ghairmiúil i Scileanna Iniúchóireachta (CAS), le cumas iniúchóirí inmheánacha na Seirbhíse Poiblí agus éifeachtacht rialachais sa tSeirbhís Phoiblí a neartú.

Reáchtáladh dhá chlár phoiblí don Teastas CIPFA creidiúnaithe i mBainistíocht agus Cuntasaíocht Airgeadais. Dhírigh siad seo ar bharrchleachtas maidir le costáil agus buiséadú do ghairmithe airgeadais ar fud na Seirbhíse Poiblí.

Chuir an tAonad Bainistíochta Airgeadais agus Cuntasaíochta a saineolas ábhair leis na modúil airgeadais i gclár chreidiúnaithe de chuid Scoil Rialtais agus Bainistíochta Whitaker an IPA go sonrach i gcás an Dioplóma i mBainistíocht Sláinte agus san Teastas i nGníomhaireachtaí Státseirbhíse agus Stáit.

In 2022 thug an Fhoireann Bainistíochta Airgeadais, i gcomhar leis an Aonad Rialachais bonn eolais d'Athbheithnithe Boird agus Coiste, Athbheithnithe ar an gCreat Rialachais agus Athbheithnithe ar an gCreat Bainistíochta Riosca, chomh maith le hoiliúint riosca i gcoitinne. Chuir sé uirlisí do mheastóireacht feidhmíochta ar fáil freisin amhail Tuairiscíú Iniúchóireachta agus Iniúchóireachta, Cód Caiteachais Phoiblí, Bainistíocht Díoltóirí agus Forbairt Múnla Loighce Cláir ar bhonn saincheaptha.

Rialtas Áitiúil

Lean an Rannán Oiliúna de bheith mar phríomhsholáthraí seirbhísí oiliúna do rialtais áitiúla in 2022. Ar na seirbhísí áiríodh oideachas, oiliúint agus tacaíochtaí comhairliúcháin/comhairleacha a bhaineann go sonrach leis an earnáil, do gach údarás áitiúil agus don earnáil tithíochta agus earnáil an rialtais áitiúil i gcoitinne.

In 2022 seachadadh ocht gclár 'A-Z of Irish Local Government' do 400 ball foirne údarás áitiúil. Thug gach ceann acu forbheathnú ar na príomhsheirbhísí agus ar na príomhphíosáí reachtaíochta atá mar bhonn agus taca ag seirbhísí údarás áitiúil. Tá an t-ábhar curtha in oiriúint do scéimeanna agus struchtúir an údarás áitiúil.

Seachadadh ceithre chlár Oiliúna Reachtaíochta do 190 ball foirne bainistíochta in údarás áitiúla ag meánleibhéal agus ag leibhéal shinsearacha. Ina measc sin bhí sraith d'fhíseáin réamhthairfeadta agus seisiúin bheo ar líne a bhí dírithe ar chroí-eolas agus tuiscint a fhorbairt ar an reachtaíocht reatha a bhaineann le Seirbhísí Tithíochta, Pleanála, Comhshaoil, Uisce agus Bóithre & Iompair.

Ina theannta sin, d'fhreastail 200 ball foirne údarás áitiúil ar chúrsaí poiblí a bhí á dtairiscint i réimsí na hOiliúna ar Bhainistíocht Fiachais Rialtais Áitiúil, Eolas Bunúsach ar Thithíocht Shóisialta, Riaráistí Cíos Tithíochta, Déileáil le hIompair Frithshóisialta agus oiliúint i gCigireachtaí Cíos.

Seachadadh cláir chreidiúnaithe do 540 ball foirne údaráis áitiúil a cláraíodh trí Scoil Rialtais agus Bainistíochta Whitaker an IPA. Orthu sin bhí an Teastas i Staidéar Rialtais Áitiúil (360), Dioplóma i Staidéar Rialtais Áitiúil (120), Teastas i Staidéar Tithíochta (22) agus Dioplóma Gairmiúil i Staidéar Tithíochta (38).

Fóram Tithíochta

Lean an Fóram Tithíochta ar aghaidh ag soláthar ardáin chun eolas a thógáil agus a roinnt faoin Earnáil Tithíochta, i gcomhar leis an nGníomhaireacht Tithíochta. Chuir an Fóram Tithíochta tairseach na mball agus an stór ábhar acmhainne (tuarascálacha, doiciméid taighde agus litríocht ábhartha) ar fáil. Tacaíonn siad seo le líonra gníomhach cleachtóirí tithíochta ó earnálacha tithíochta poiblí, deonacha agus príobháideacha.

In 2022 reáchtáladh dhá imeacht déag de chuid an Fhórait Tithíochta, a bhí dírithe ar shaincheisteanna tithíochta reatha agus tráthúla. D'fhreastail 100 rannpháirtí ar an meán ar gach ceann díobh. Ina theannta sin, d'fhreastail 253 duine ar Chomhdháil na gCleachtóirí Tithíochta 2022 agus d'fhreastail 75 duine ar Chomhdháil LGDA 2022.

An Oifig um Fhorbairt Gnó, Margaíocht agus an Lár-Oifig Áirithintí

Le linn 2022 lean an Fhoireann Forbartha Gnó ar aghaidh ag cur chun cinn sraith na gclár Ceannaireachta agus Bainistíochta poiblí agus áitiúla, cúrsaí faoi threoir speisialtóra agus seirbhísí ar líne, lena n-áirítear seimineáir ghréasáin atá ar fáil tríd an Rannóg Oilíúna, agus bhíothas ag freagairt ar iarratais ó chliant chomh maith. Chomh maith le forbairt ghnó, margaíocht agus áirithintí, bainistíodh iarratais ó chliant ar luachálacha agus ar thairiscintí sa réimse seo agus rinne siad teagmháil le cliant agus le speisialtóirí comhlachaithe maidir le tograí gnó, gnó a fuarthas agus sceidealú ar chúrsaí áitiúla.



Ag seoladh *The Irish Department of Finance 1959–99* (c-d) bhí Ciarán Casey, údar; iar-Thaoiseach, John Bruton; iar-Aire Airgeadais, Alan Dukes; agus an tAire Airgeadais ag an am sin, Paschal Donohoe, TD.

6.4 Taighde agus Foilseacháin

An Dr John O'Neill, Stiúrthóir

Forbhreathnú ar Thaighde agus ar Fhoilseacháin

Bhí ról uathúil agus luachmhar ag Taighde agus Foilseacháin i gcónaí rud a threisigh a gcáil fhíormhaith ar fud na Seirbhíse Poiblí agus an tsaoil acadúil aron.

Taighde

Mar an t-aon ionad taighde tiomnaithe bainistíochta poiblí agus rialachais in Éirinn, bhí ról lárnach ag Foireann Taighde an IPA i gcónaí maidir le freastal ar éilimh na Seirbhíse Poiblí ó thaobh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin thábhachtacha rialachais agus cur chun feidhme atá roimh an earnáil. Aithnítear an fhoireann mar shaineolaithe ceannródaíocha ar riarachán poiblí ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta aron. Lean siad dá cuid oibre le linn 2022 ag tacú leis an rialtas áitiúil agus náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna casta beartais leithne – mar shampla, tithíocht agus aeráid. Ina theannta sin, bhí méadú ag teacht go leanúnach ar shaineolas an IPA maidir le rialachas agus cur i bhfeidhm an bheartais chomhshaoil.

Díol suntais do 2022 ba é gur comhaontaíodh comhoibriú breise a dhéanamh leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) maidir le taighde breise ar dhúshláin i dtaobh cur chun feidhme atá roimh an ngníomhaireacht a chur chun cinn, agus ar leithligh choimisiúnaigh an DPENDR an fhoireann chun píosa príomhthaighde a dhéanamh ar chumas gníomhú ar son na haeráide ar fud na státseirbhíse.

I measc na bpríomhbhuaiçphointí in 2022, ó thaobh tionchair de, bhí táirgí insóláthartha suntasacha ar fud an rialtais láir agus an rialtais áitiúil aron, agus socruithe oibre nua á gcur i bhfeidhm ag an am céanna chun síneadh laistiar de 2022 a chur le comhpháirtíochtaí reatha (i.e. EPA) agus chun réimsí nua oibre a fhorbairt agus a thionscnamh a fhreastalaíonn ar éilimh is práinní na státseirbhíse (i.e. an aeráid agus an inbhuanaitheacht). Cuireann na héachtaí seo, atá sa liosta thíos, tuilleadh le

hábharthacht agus cáil an Fhorais maidir le freastal ar éilimh ár bpríomhpháirtithe leasmhara.

1. Foilseachan leis an EPA (Aibreán 2022) ar *Sharing Lessons Learned from Water Governance*: www.epa.ie/publications/research/water/Research_Report_406.pdf. Mar aon le podchraoladh gairid, tá an tuarascáil seo foilsithe ar shuíomh gréasáin an EPA. Tá an tuarascáil roinnte ag comhpháirtithe eolais an EPA, ERINN freisin, ar fud an rialtais. Foilsíodh líníocht pháipéir ar an taighde in iris an IPA, Administration (Bealtaine 2022).
2. Comhaontú ar thángthas air leis an EPA chun an clár taighde a leathnú amach go 2024 maidir le rialachas agus cur chun feidhme, a phléann príomhréimsí comhshaoil lena n-áirítear an geilleagar ciorclach agus gníomhú ar son na haeráide.
3. Foilsiú taighde ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar seirbhísí dramhaíola a chur ar ais faoi údarás na cathrach. Ba thionscadal casta taighde é seo lena n-áirítear léiriú ar an seasamh dlíthiúil maidir le bailiú dramhaíola tí i gCathair Bhaile Átha Cliath, a bhí clúdaithe sna meáin náisiúnta: <https://www.irishtimes.com/ireland/dublin/2023/02/22/report-warns-dublin-city-council-against-resuming-bin-collections/>
4. Foilsíodh an tríú heagrán déag de *Threochtaí Seirbhíse Poiblí*, (Nollaig 2022) a leanann ar aghaidh leis an tsraith thábhachtach taighde seo agus a thugann isteach réimsí nua cumhdaigh ag an am céanna a bhaineann le réimsí ar fud cúrsaí comhshaoil agus aeráide i gcomhréir le cuspóirí straitéiseacha an IPA.
5. Taighde rialtais áitiúil ag leanúint ar aghaidh ar aon dul le straitéis chomhaontaithe do 2022-4, a chlúdaíonn príomhréimsí don earnáil, lena n-áirítear nuálaíocht, forbairt gheilleagrach, agus caidreamh rialtais láir agus áitiúil. Ina theannta sin, foilsíodh trí eagrán den iris rialtais áitiúil, *Local Authority Times*, a roinneadh go forleathan ar fud an rialtais áitiúil.
6. Ag teacht leis an dá chuspóir rialtais maidir le sonraí oscailte agus le cuspóirí an IPA féin maidir le taighde, nuálaíocht agus foghlaim, foilsíodh ceithre eagrán den iris *Administration*. <https://sciendo.com/journal/ADMIN>
7. Choimisiúnaigh an DPENDR, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, agus Roinn an Taoisigh an Fhoireann Taighde chun measúnú a dhéanamh ar chumas rialtas na hÉireann gníomhú ar son na haeráide a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Cuireadh tús leis an taighde seo in 2022 agus críochnóidh sé in 2023.
8. Lean an fhoireann uirthi ag obair ar son an European Public Administration Knowledge (EUPACK) thar ceann Ard-Stiúrthóireacht an Athchóirithe - https://commission.europa.eu/about-european-commission/departments-and-executive-agencies/structural-reform-support/european-public-administration-country-reports_en






Foilseacháin

Chuir an Rannóg réimse fairsing seirbhísí foilsitheoireachta ar fáil le linn 2022, lena n-áirítear leabhair a foilsíodh faoi Straitéis Foilsitheoireachta Leabhar an IPA, sainchomhairliúcháin do ranna rialtais, foilseacháin taighde a bhaineann lenár bpríomhpháirtithe leasmhara, chomh maith leis an seachtú heagrán is caoga de *Ireland – A Directory* gan dabht, a foilsíodh in 2022. Cloch mhíle shuntasach ab ea foilsíú Ráiteas Straitéise an IPA, *A New Era of Learning*, i mí na Nollag.

Mheall seoltaí leabhar le linn 2022 suim shuntasach ó na meáin agus ón gcóras polaitiúil arson, rud a chuir le hábharthacht agus clú an Fhorais. I measc na bpríomhbhuaicphointí bhí na foilseacháin agus na seoltaí seo a leanas:

1. *Housing in Ireland: Beyond the Markets* by Lorcan Sirr, which was launched by Mick Clifford, Special Correspondent, *Irish Examiner*;
2. *The Irish Department of Finance 1959–99*, le Ciarán Casey. Ba é an tAire Airgeadais, Paschal Donohoe, TD a sheol é agus bhí an tAire Taoiseach, John Bruton agus an tAire Airgeadais, Alan Dukes i láthair freisin ag an ócáid;
3. *Local Matters: Parish, Local Government and Community in Ireland* le Finola Kennedy, a sheol an t-aoi oinigh Darragh O'Brien, TD, an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta;

4. *Fighting for the Clerical Grades: A History of the Civil, Public and Services Union 1922–2017* le Martin Maguire. Ba é an t-aoi oinigh Michael McGrath, TD, Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a sheol é;
5. *Ireland – A Directory 2023*, a sheol an Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ag an am, Leo Varadkar, TD. Dúirt sé gur 'foinse faisnéise an-luachmhar é *'Ireland – A Directory* agus go bhfuil an áit is fearr aige ar mo dheasc i gcónaí. Is é an gnáth-threalamh a chaithfidh a bheith díobh siúd againn gan dabht a bhíonn i mbun seachadta ar son na sochaí ar fud speictream leathan an riaracháin phoiblí.'



6.5 Seirbhísí Airgeadais agus Corparáideacha

Noreen Fahy, Stiúrthóir

Forbhreathnú ar Sheirbhísí Airgeadais agus Corparáideacha

Tá spriocanna agus cuspóirí na Roinne Seirbhísí Airgeadais agus Corparáideacha ailínithe le Straitéis Chorporáideach an IPA agus glacann an rannóg cur chuige comhpháirtíochta i ndáil le freastal ar éilimh na bpáirtithe leasmhara, idir inmheánach agus sheachtrach araon.

Lean seachadadh seirbhísí Oideachais, Oiliúna agus Forbartha, Taighde agus Foilsitheoireachta an IPA ar aghaidh go rathúil le linn 2022. Ba dhúshlán suntasach é do Rannóg Seirbhísí Corparáideacha an IPA seachadadh rathúil gnó agus leanúnachas inár samhail oibre nua hibrideach a chumasú. Dúshlán shuntasacha ab ea earcaíocht agus coinneáil tallainne ar fud cúrsaí Airgeadais, Soláthair agus TFC. Leagann sé seo béim bhreise ar fheidhmíocht den scoth na mball foirne a léirigh arís agus arís eile solúbthacht agus aclaíocht arís maidir le tacú le comhghleacaithe.

Agus iad ag obair le comhghleacaithe ar fud an Fhorais, chinntigh pearsanra Sheirbhísí Airgeadais agus Corparáideacha an IPA gur leanadh de bheith ag baint amach spriocanna agus cuspóirí agus gur sáraíodh iad. Léirigh siad sármhaitheas agus tiomantas a d'fhís agus do mhisean an IPA. Tugtar breac-chuntas ar na príomhréimsí ardfheidhmíochta ar fud na Rannóige Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha i dtaobh 2022 thíos. Buíochas ar leith le gach ball foirne, lena n-áirítear ár gcomhpháirtithe gnó teicniúla, a d'oibrigh chomh dícheallach sin i rith na bliana.

Airgeadas

Mar chuideachta atá faoi theorainn ráthaíochta le stádas carthanúil agus ina chomhlacht faoi choimirce an DPENDR agus é faoi dhualgas cloí leis an *gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016*, tá stádas casta dlíthiúil agus rialála aige a chuireann bonn eolais faoin gcóras tuairiscithe airgeadais reachtúil agus bainistíochta atá i bhfeidhm. Déanann Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (OCAG) iniúchadh ar an IPA agus tá air ráitis Airgeadais reachtúla a chur ar fáil i gcomhréir le FRS 102. I measc na mbuaicphointí tá:

- Cloíodh le spriocdhátaí OCAG le haghaidh Ráitis Airgeadais Bhliantúla reachtúla a chur isteach;
- Baineadh amach Ráitis Airgeadais Bhliantúla Dheimhnithe le tuairim iniúchóireachta neamhcháilithe 2022 – gabhann na cuntais seo leis an Tuarascáil Bhliantúil seo;
- Cloíodh leis na spriocdhátaí go léir do thuairisciú an Bhoird agus Fhochoiste an Bhoird;
- Ullmhaíodh cuntais bhainistíochta mhíosúla agus ráithiúla atá réitithe;
- Seachadadh tráthúil ar gach rith párolla agus cuntais iníochta;
- Feabhsuithe leanúnacha ar phróisis faoi stiúir Airgeadais ar fud cuntasáíochta bainistíochta, párolla, suimeanna iníochta agus suimeanna infhaighte, le cur i bhfeidhm breise ar thionscadal domhain maidir le suimeanna infhaighte in éineacht le comhghleacaithe sna Rannóga Oideachais agus Oiliúna;
- Leanadh le hathbhreithnithe agus measúnuithe ar ár dtimpeallacht rialaithe i rith na bliana, lena n-áirítear athbhreithnithe iniúchóireachta inmheánacha agus seachtracha.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Le linn na tréimhse 2020 go dtí deireadh 2022, d'éirigh leis an IPA forbairt go hiomlán agus go rathúil ina shamhail ghnó fhíorúil agus phearsanta hibrideach, agus d'éirigh le Foireann TFC an IPA, agus iad ag obair le comhghleacaithe ar fud na heagraíochta, réitigh an bhonneagair theicneolaíoch a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun an claochlú digiteach agus an claochlú gnó seo a chumasú. In 2022 ghlac an IPA beartas cianoibre an-chuimsitheach do phearsanra an IPA a d'éiligh ar TFC agus ar Áiseanna araon bonneagair dhúbhla a sholáthar, ar an láthair i mBóthar Lansdún agus ag Obair ón mBaile agus in áiteanna iargúlta eile, chun na cleachtais oibre nua seo a cheadú.

Thug an claochlú seo, a leanfaidh de bheith ag forbairt in 2023, neart deiseanna claochlaithe digití don Foireann TFC agus Cibear. Le linn 2022, d'oibrigh an fhoireann go dícheallach chun tacú leis an IPA a spriocanna gnó straitéiseacha a bhaint amach.

Ag teacht le spriocanna straitéiseacha TFC, leanadh d'infheistíocht agus forbairt ar ár n-acmhainní cibearshlándála agus bonneagar agus bhí torthaí rathúla ar an saothar.

I measc na bpríomhbhuaicphointí i TFC tá:

- Cibearbhagairtí leanúnachais gnó nialasacha bainte amach in 2022;
- Scór slán Microsoft 80% (i gcomparáid le meánmhéid Microsoft 40% d'eagraíochtaí den chineál céanna);
- Le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022, chuir bonneagar balla dóiteáin an IPA cosc ar níos mó ná 606k d'ionraí;
- Úsáid rathúil leanúnach ar gcóras Freagartha Brathadóireachta Críochphointe 'Huntress';
- Tús curtha le glacadh Ardán Cumarsáide SharePoint;

- Tionscadal Ascnaimh Office 365 curtha i gcrích;



- Os cionn 3,000 uair an chloig d'ábhar comhroinnte agus os cionn 2,900 cruinniú a dtacaítear leo;



- Cuireadh breis is 1,300 seisiún ar fáil thar Zoom;



- Os cionn 70 seisiún arb ionann iad agus 1,200 duine a bhí i láthair;



- 59,232 Amhairc agus íoslódálacha Panopto, arb ionann iad agus 19,200 uair an chloig d'ábhar;
- 2,380 ticéad tacaíochta réitithe le meán - am réitigh 86 nóiméad ar an meán.

Áiseanna agus Eastáit

Bliain an-ghnóthach a bhí ann do na Foirne Áiseanna agus Eastát mar cuireadh fáilte ar ais roimh bhail foirne, mic léinn agus grúpaí rannpháirtithe chuig ár n-áitreabh ag Bóthar Lansdún. Cuireadh an clár oibre bainistíochta áiseanna ar an láthair in oiriúint gan mhoill chun shocrúithe seomraí cuí a chur ar fáil d'imeachtaí, léachtaí, seimineáir, srl. ar an láthair. Rinne an Rannóg infheistíocht i dtuilleadh forbartha ar chórais bainistíochta imeachtaí agus áirithinte seomra chun freastal ar na castachtaí breise a bhaineann le timpeallacht foghlama atá cumasaithe don teicneolaíocht. Bhí an Fhoireann Áiseanna a cumasaíodh trí dheireadh a bheith tagtha le srianta an rialtais, i gceannas ar athbheochan an phlean athchóirithe cóiríochta arna ghlacadh ag an mBord agus cuireadh tús arís leis an uasghrádú beartaithe ar oifigí agus ar spásanna oibre ar fud an Fhorais, ar bhonn 'mar is gá'. Lean an Fhoireann Áiseanna uirthi ag athbhreithniú, ag forbairt agus ag cur i bhfeidhm riachtanais chúí maidir le comhlíonadh dóiteáin, sláinte agus sábháilteachta.

Iníúchadh agus Rialachas

Chomhlíon an Foras a oibleagáidí airgeadais agus cánachais le linn 2022, agus lean Bord an IPA ag déanamh maoirseachta ar éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh ar fud an Fhorais. Foilsítear an Ráiteas ar Rialú Inmheánach i Ráitis Airgeadais Bhliantúla an IPA a ghabhann leis an tuarascáil seo. Lean Coiste Iníúcháireachta agus Riosca an IPA ag déanamh maoirseachta ar chur i bhfeidhm Phlean Straitéiseach Iníúcháireachta Inmheánaí an IPA i rith 2022, ag díriú ar fheidhmiú moltaí leagáide Iníúcháireachta Inmheánaí a chur chun cinn, agus chuir siad go léir go dearfach leis na socruithe dearbhaithe ar fud na heagraíochta.

Ionchais Airgeadais do 2023

Tá Samhail Airgeadais an IPA ag dul ar aghaidh trí chéim cheartúcháin le heasnamh dearbhaithe do 2022 agus le heasnamh tuartha do 2023. Díríonn glacadh straitéis cúig bliana an IPA *New Era of Learning: Strategy 2022–2027*, ar fhás trí nuálaíocht. Tabharfaidh an clár claochlaithe a ghabhann leis aghaidh ar ghnéithe bunúsacha de shamhail airgeadais agus mhaoinithe an IPA.

B'ionann blocdheontas an Fhorais agus €2.725m do 2022 agus coinneofar an méid seo in 2023. Is tacaíocht dhearfach óna máthair-roinn, an DPENDR é. Leanann Bord Stiúrthóirí an IPA, agus a fhochoistí, ag déanamh maoirseachta ar fheidhmíocht airgeadais an IPA mar chuid dá bhfreagrachtaí muiníneacha.

07. Ár gCliant agus ár gComhpháirtithe



Le linn 2022 leanamar orainn ag comhoibriú lenár gcliaint agus lenár gcomhpháirtithe luachmhara, a léirítear tríd an sampla seo a leanas:





IPA
An Foras Riaracháin
Institute of Public Administration

57- 61 Bóthar Lansdún, Baile Átha Cliath D04 TC62

T + 353 1 240 3600
F + 353 1 668 9135
information@ipa.ie

www.ipa.ie





**AN FORAS RIARACHÁIN
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN
RÁTHAÍOCHTA)**

**RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR
CRÍOCH 31 NOLLAIG
2022**

AN FORAS RIARACHÁIN
(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta)

CLÁR NA nÁBHAR	Uimh. Leathanaigh
STIÚRTHÓIRÍ AGUS FAISNÉIS EILE	3
RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ	4 - 10
RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH	11 - 13
TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE	14 - 16
RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS	17
RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH	18
RÁITEAS MAIDIR LE hATHRUITHE AR CHOTHROMAS	19
RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS	20
RÁITEAS AR SHREAFÁÍ AIRGID	21
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	22 - 32

AN FORAS RIARACHÁIN
(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta)

STIÚRTHÓIRÍ AGUS FAISNÉIS EILE
Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

STIÚRTHÓIRÍ

An Dr Fergal Lynch (tháinig deireadh leis an téarma oifige ar 24 Samhain 22)
An Dr Pat Gallagher (tháinig deireadh leis an téarma oifige ar 24 Samhain 22)
An tUasal Tim Lucey (ceapadh é ar an 24 Samhain 22)
An Dr Marian O'Sullivan (tháinig deireadh leis an téarma oifige an 30 Meán Fómhair 22)
Helen Brophy Uasal (ceapadh í ar an 19 Deireadh Fómhair 2022)
An tUasal Stephen Mulvany (d'éirigh sé as an 15 Meán Fómhair 22)
An Dr Colm Henry (ceapadh é ar an 29 Meán Fómhair 22)
Elizabeth Adams Uasal (athcheapadh í ar an 29 Meán Fómhair 22)
An tUasal Pat Naughton
An tUasal George Burke (athcheapadh é ar an 29 Meán Fómhair 22)
An Dr Pamela Byrne (athcheapadh í ar an 24 Samhain 22)
An Dr Pat O'Leary (ceapadh é ar an 24 Márta 22)
An tUasal Greg Dempsey
Mary Hurley Uasal (d'éirigh sí as an 24 Márta 22. Athcheapadh í an 24 Samhain 22)
Fiona Quinn Uasal (ceapadh í an 28 Aibreán 22)
An Dr Stephen Weir
An tUasal David Moloney

RÚNAÍ & OIFIG
CHLÁRAITHE

An tUasal Ray Mooney
59 Bóthar Lansdún
Baile Átha Cliath 4

INIÚCHÓIRÍ

An Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste,
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1

PRÍOMHBHAINCÉIRÍ

Banc Aontas Éireann
52 Sráid Bhagóid Uachtarach
Baile Átha Cliath 4

Banc na hÉireann, Sráid an
Mhéara Íochtarach, Baile
Átha Cliath 1

ATURNAETHA

Eversheds,
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2

AN OIFIG UM CHLÁRÚ
CUIDEACHTAÍ

21087

UIMHIR CHARTHANAIS
CHI ÁRAITHE

20008031

UIMHIR CHAR. (COIMISINÉIRÍ
IONCAIM)

5401

AN FORAS RIARACHÁIN

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta)

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

RIALACHAS

Bord an IPA

I mBunreacht an Fhorais Riaracháin (mar a leasaíodh in 2017) sonraítear comhdhéanamh an Bhoird agus na neagraíochtaí atá freagrach as comhaltaí a ainmniú ar an mBord. Foráiltear leis na hAirteagail freisin go bhféadfar comhalta amháin a cheapadh trí chomhthoghadh.

Bhí ballraíocht an Bhoird do 2022 mar seo a leanas:

- An Dr Fergal Lynch, (Cathaoirleach go Samhain 2022), Ard-Rúnaí, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, tháinig Mary Hurley Uasal, Ard-Rúnaí, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail ina ionad
- An Dr Pat Gallagher, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae na hIarmhí (Leas-Chathaoirleach), tháinig an Uasail Tim Lucey, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Chorcaí ina ionad.
- An Dr Marian O'Sullivan, Ard-Stiúrthóir, IPA, tháinig Helen Brophy Uasal, Ard-Stiúrthóir, IPA ina hionad.
- An tUasal Stephen Mulvany, Príomhoifigeach Airgeadais, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, tháinig an Dr Colm Henry, Príomhoifigeach Cliniciúil, Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte ina ionad.
- Elizabeth Adams Uasal, Uachtarán Chónaidhm Eorpach na nAltraí
- An tUasal Pat Naughton, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Group People and Sustainability, BSL
- An tUasal George Burke, Leas-Ard-Rúnaí, Oifig an Uachtaráin (Cathaoirleach ó Shamhain 2022)
- An Dr Pamela Byrne, POF Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann
- An Dr Pat O'Leary, Cláraritheoir, Ollscoil na hÉireann (NUI)
- An tUasal Greg Dempsey, Leas-Ard-Rúnaí, An Roinn Sláinte
- Mary Hurley Uasal, Rúnaí Cúnta, An Rannóg Rialtais Áitiúil, An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, tháinig Fiona Quinn Uasal, Rúnaí Cúnta, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht ina hionad
- An Dr Stephen Weir, Léachtóir, IPA
- An tUasal David Moloney, Ard-Rúnaí, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Foireann Bainistíochta Shinsearach

Ba í an Dr Marian O'Sullivan Ard-Stiúrthóir an IPA agus mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin bhí sí freagrach san iomlán as oibríochtaí uile an IPA go dtí deireadh a conartha fostaíochta ar an 30 Meán Fómhair 2022. Chuir an tArd-Stiúrthóir nua, Helen Brophy, tús lena fostaíocht ar an 19 Deireadh Fómhair 2022. San idirthréimhse, chomhlíon an Dr Michael Mulreany dualgais an Ard-Stiúrthóra. Is ar an ngrúpa bainistíochta shinsearach (SMG) atá an fhreagracht fhoriomlán as gnóthaí an IPA a bhainistiú.

Is iad seo a leanas comhaltaí an SMG:

- An Dr Marian O'Sullivan go dtí an 30 Meán Fómhair 2022, ansin Helen Brophy, Uasal ón 19 Deireadh Fómhair 2022, Ard-Stiúrthóir
- An Dr Michael Mulreany, Ard-Stiúrthóir Cúnta, Cláraritheoir agus Ceann Scoil Rialtais agus Bainistíochta Whitaker
- An Dr. John O'Neill, Stiúrthóir Taighde, Foilseachán agus Caidrimh Chorpáraidigh
- Noreen Fahy Uas., Stiúrthóir Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha
- Teresa Casserly Uasal, Stiúrthóir, Oilíúint & Forbairt, agus Seirbhísí Idirnáisiúnta
- An tUasal Aidan Horan, Stiúrthóir, Seirbhísí Oilíúna & Forbartha agus Comhairleoireachta
- Christine McNally Uasal, Bainisteoir Acmhainní Daonna (chríochnaigh a téarma an 24 Iúil 2022)
- D'éirigh an tUasal Ger Murphy, Stiúrthóir Acmhainní Daonna, Forbartha Eagraíochtúla & Cumarsáide Corparáidí (a cheapadh i mí Iúil 2022, as a phost i mí na Nollag 2022)

AN FORAS RIARACHÁIN
(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta)
RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ
don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

Gnóthaí don Bhord

Tugann an *Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016* breac-chuntas ar na hábhair go léir atá forchoimeáda go sonrach do chinneadh an Bhoird. Forchoimeádtar na príomhábhair seo a leanas le haghaidh cinnidh ón mBord:

- Faomhadh na Tuarascála Bliantúla, an Bhuiséid Bhliantúil agus Plean Gnó Corparáideach an IPA;
- Ráitis Airgeadais Bhliantúla an IPA a fhaomhadh;
- Faomhadh Théarmaí tagartha na gcoistí Boird agus
- Faomhadh na leibhéal údaráis tarmligthe, an bheartais chisteáin agus na mbeartas bainistíochta riosca.

Leagtar amach in Airteagail Chomhlachais an Fhorais ról an Bhoird agus ról an Ard-Stiúrthóra. Deirtear sna hAirteagail “Déanfaidh an Bord gnó an Fhorais a bhainistiú”. Luafaidh siad go ndéanfaidh an Bord an méid seo a leanas:

1. Cumhacht chun aon cheann dá ngnó, dá bhfeidhmeanna agus dá gcumhachtaí bainistíochta a tharmligean chuig an Ard-Stiúrthóir;
2. Téarmaí mórchonarthaí a fhaomhadh;
3. Cumhacht chun fochoistí a cheapadh (lena n-áirítear cinn ag a bhfuil cumhachtaí an Bhoird) etc.;
4. Aidhmeanna agus cuspóirí an Fhorais a chinneadh agus athbhreithniú a dhéanamh orthu agus athruithe ar pholasaí a chinneadh;
5. A chinntiú go mbainfear na haidhmeanna seo amach trí bheartais a cheapadh agus a athbhreithniú agus trí mhaoirseacht a dhéanamh ar sheoladh ghnó an Fhorais;
6. An buiséad bliantúil agus na pleananna corparáideacha a chinneadh/a fhaomhadh; an tArd-Stiúrthóir a cheapadh; agus, ar mholadh uaidh/uaithe, cibé oifigigh eile a cheapadh is mian leis an mBord ó am go ham agus
7. Leasuithe suntasacha ar shochair phinsin an POF agus na foirne a fhaomhadh.

Tá prionsabail an *Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016* mar threoir láidir ag an gCathaoirleach agus ag an mBord.

Ceanglaítear ar an bhForas ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais i cibé foirm a cheadóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ní mór don IPA:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus na beartais sin a chur i bhfeidhm go seasta;
- A chinntiú go bhfuil aon bhreithiúnais agus meastacháin a dhéantar réasúnta agus stuama;
- A chur in iúl cé acu ar cloíodh nó nár cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta atá infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais;
- A chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an Fhorais Riaracháin ag deireadh na bliana; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin mura cuí glacadh leis go leanfaidh an Foras airi i mbun oibriúcháin.

Tá an IPA freagrach as taifid chuntasaíochta chuí a choinneáil a nochtann go réasúnta cruinn, am ar bith, staid airgeadais an Fhorais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais an *Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016*. Tá an IPA freagrach leis as a cuid sócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaíoch agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Tá an Bord freagrach as plean agus buiséad bliantúil a fhaomhadh. Déanann an fochoiste Airgeadais & Straitéise measúnú ar fheidhmíocht an IPA in aghaidh an phlean ghnó bhliantúil agus an bhuiséid bhliantúil agus déanann an Bord é a mheasúnú ina dhiaidh sin.

Measann an Bord go dtugann na ráitis airgeadais bhliantúla 2022 léargas fíor cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an Fhorais amhail an 31 Nollaig 2022.

AN FORAS RIARACHÁIN
(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta)
RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ
don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

STRUCHTÚR AN BHOIRD

Tá comhdhéanamh an Bhoird leagtha amach i Meabhrán agus Airteagail an IPA.

Is deimhin leis an mBord go bhfuil na Comhaltaí saor ó aon ghnó nó caidreamh eile a d'fhéadfadh cur isteach go hábhartha, nó a d'fhéadfadh cur isteach de réir dealraimh, ar fheidhmiú a mbreithiúnais neamhspleáigh.

Nochtann gach Ball den Bhord aon leas agus bíonn siad as láthair ó phléite nó ó chinntí an Bhoird má bhíonn coimhlínt leasa acu nó má bhíonn leas díreach nó indíreach acu mar a éilítear sa *Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016*.

Tá ballraíocht an Bhoird agus téarmaí oifige sonraithe i dTábla 1 thíos:

Tábla 1: Ballraíocht an Bhoird agus téarma oifige

<i>Bunreacht an IPA Alt 16</i>	<i>Ainm</i>	<i>Ról</i>	<i>Dáta an cheapacháin</i>	<i>Tiocfaidh deireadh leis an téarma reatha</i>
(a) i	<i>Mary Hurley, Uasal</i>	<i>Gnáthbhall</i>	<i>Meán Fómhair 2020</i>	<i>D'éirigh as Márta</i>
(a) i	<i>Fiona Quinn Uasal</i>	<i>Gnáthbhall</i>	<i>Aibreán 2022</i>	<i>CCB 2025</i>
(a) ii	<i>An tUasal Greg Dempsey</i>	<i>Gnáthbhall</i>	<i>Deireadh Fómhair 2020</i>	<i>CCB 2023</i>
(b)	<i>Mary Hurley, Uasal</i>	<i>Gnáthbhall</i>	<i>Samhain 2022</i>	<i>CCB 2025</i>
(b)	<i>An Dr Fergal Lynch</i>	<i>Cathaoirleach</i>	<i>Deireadh Fómhair 2019</i>	<i>Samhain 2022</i>
(c)	<i>An Dr Pat Gallagher</i>	<i>Leaschathaoirleach</i>	<i>Meán Fómhair 2019</i>	<i>Samhain 2022</i>
(c)	<i>An tUas. Tim Lucey</i>	<i>Gnáthbhall</i>	<i>Samhain 2022</i>	<i>CCB 2025</i>
(d)	<i>An tUasal Stephen Mulvany</i>	<i>Gnáthbhall</i>	<i>Meitheamh 2016</i>	<i>D'éirigh as Meán</i>
(d)	<i>An Dr. Colm Henry</i>	<i>Gnáthbhall</i>	<i>Meán Fómhair 2022</i>	<i>CCB 2025</i>
(e) i	<i>An tUas. Pat Naughton</i>	<i>Gnáthbhall</i>	<i>Meitheamh 2017</i>	<i>Aibreán 2022</i>
(e) ii	<i>An Dr Pamela Byrne</i>	<i>Gnáthbhall</i>	<i>Athcheaptha Deireadh</i>	<i>CCB 2025</i>
(f)	<i>Elizabeth Adams, Uasal</i>	<i>Gnáthbhall</i>	<i>Athcheaptha i Meán</i>	<i>CCB 2025</i>
(g)	<i>An Dr Patrick O'Leary</i>	<i>Gnáthbhall</i>	<i>Márta 2022</i>	<i>CCB 2025</i>
(h)	<i>An tUasal David Moloney</i>	<i>Gnáthbhall</i>	<i>Aibreán 2021</i>	<i>Aibreán 2024</i>
(i)	<i>An tUasal George Burke</i>	<i>Gnáthbhall</i>	<i>Athcheaptha i Meán</i>	<i>Samhain 2022</i>
		<i>Cathaoirleach</i>	<i>Samhain 2022</i>	<i>CCB 2025</i>
(j)	<i>An Dr Stephen Weir</i>	<i>Gnáthbhall</i>	<i>Bealtaine 2021</i>	<i>Bealtaine 2024</i>
(k)	<i>An Dr Marian O'Sullivan</i>	<i>Ard-Stiúrthóir Gnáthbhall</i>	<i>Deireadh Fómhair 2015</i>	<i>30Meán Fómhair 2022</i>
(k)	<i>Helen Brophy Uasal</i>	<i>Gnáthbhall</i>	<i>Deireadh Fómhair 2022</i>	<i>Meán Fómhair 2029</i>
(l)	<i>An tUas. Pat Naughton</i>	<i>Gnáthbhall</i>	<i>Bealtaine 2023</i>	<i>Meitheamh 2023</i>

Tá dhá choiste curtha ar bun ag an mBord, mar seo a leanas:

- Tá triúr ball Boird agus beirt bhall neamhspleácha seachtracha ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.** Is é an ról atá ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) ná tacú leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí as ceisteanna riosca, rialú agus rialachas trí athbhreithniú a dhéanamh ar iomláine a gcuid dearbhuithe iontaofachta i ndáil le riachtanais an Bhoird maidir le dearbhuithe iontaofachta a chomhlíonadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar iontaofacht agus sláine na ndearbhuithe iontaofachta seo. Tuairiscíonn an ARC go foirmiúil don Bhord, agus é ag soláthar cibé faisnéise nó comhairle a mheastar a bheith cuí trí chur i láthair rialta a dhéanann Cathaoirleach an ARC don Bhord maidir le gníomhaíochtaí, saincheisteanna agus moltaí ina dtaobh sin. Cuireann an ARC Tuarascáil Bhliantúil ar fáil don Bhord in am chun tacú leis an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a thabhairt chun críche. Tugann sé achoimre inti ar a chonclúidí ón obair a rinne sé i rith na bliana. Is iad baill

AN FORAS RIARACHÁIN
(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta)
RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ
don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

an choiste seo:

An tUasal Pat Naughton (Cathaoirleach ó Bhealtaine 2020), an tUasal George Burke (d'éirigh as Samhain 2022), an tUasal Greg Dempsey (Ceapadh Nollaig 2020), an tUasal Tim Lucey (ceapadh Nollaig 2022), Suzanne Lambe Uasal (Ball seachtrach a ceapadh Aibreán 2022), Patricia Orme Uasal (Ball seachtrach a ceapadh Aibreán 2022).

2. **Coiste Riaracháin:** Tá cúigear bhall den Bord ar an gcoiste seo. Is é ról an Choiste Riaracháin cabhrú leis an mBord tograí bainistíochta a bhreithniú maidir le maoin a sholáthar, a fháil agus a dhiúscairt don bhForas agus a n-impleachtaí airgeadais; comhlánú foirne údaraithe an Fhorais a cheadú; cruthú post buan, lánaimseartha agus conartha a cheadú; agus athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha an Ard-Stiúrthóra ar shaincheisteanna daonchumhachta, caidreamh tionsclaíoch agus aon saincheisteanna eile a chuireann an tArd-Stiúrthóir faoina bhráid; agus a chinntiú go ndéantar dea-chleachtais i bpolasaithe pearsanra agus bainistíochta sa bhForas. Is iad seo baill an choiste seo:

An Dr Pat Gallagher, Cathaoirleach (d'éirigh as Samhain 2022), Elizabeth Adams Uasal (Ceapadh Deireadh Fómhair 2019), Mary Hurley Uasal (Ceapadh Samhain 2020, d'éirigh as Márta 2022), an tUasal George Burke (Ceapadh Samhain 2020, d'éirigh as Samhain 2022), an tUasal David Moloney (Ceapadh Aibreán 2021), Fiona Quinn Uasal (ceapadh Aibreán 2022). Bhí dhá fholúntas gan líonadh an 31 Nollaig 2022.

3. **Tá seisear ball Boird ar an gCoiste Airgeadais & Straitéise** . Is é ról an Choiste Airgeadais agus Straitéise cabhrú leis an mBord an plean corparáideach bliantúil a dhréachtú agus monatóireacht a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm agus an dréachtbhuiséad bliantúil a scrúdú agus moltaí a dhéanamh ina leith. Nuair a fhaomhtar an buiséad oibriúcháin bliantúil, déanann an Coiste athbhreithniú ar a chur i bhfeidhm i rith na bliana agus scrúdaíonn sé cuntais bhainistíochta an Fhorais ó am go ham. Is iad seo baill an choiste seo:

D'éirigh an Dr Fergal Lynch (Cathaoirleach Samhain 2022) as agus tháinig an tUasal George Burke (a ceapadh mar Chathaoirleach i mí na Samhna 2022) ina ionad. D'fhág an Dr Marian O'Sullivan an coiste (ar an 30 Meán Fómhair 2022) agus tháinig Helen Brophy, Uasal ina hionad nuair a thosaigh sí mar Ard-Stiúrthóir ar an 19 Deireadh Fómhair 2022. An Dr Stephen Weir (Ceapadh Bealtaine 2021), an tUasal Stephen Mulvany (d'éirigh as Meán Fómhair 2022), an Dr Pamela Byrne, an tUasal Greg Dempsey (Ceapadh Deireadh Fómhair 2020). Bhí folúntas amháin amháin an 31 Nollaig 2022.

Tuairiscíonn gach coiste go foirmiúil don Bhord, agus é ag tabhairt cibé faisnéise nó comhairle a mheastar a bheith cuí, trí chur i láthair ó Chathaoirleach an Choiste don Bhord faoi ghníomhaíochtaí, saincheisteanna agus moltaí gaolmhara an choiste. Cuireann an Coiste Iniúcháireachta & Riosca tuairisc ar fáil don mBord ina ndéantar achoimre ar a chonclúidí ón obair atá déanta aige i gcaitheamh na bliana. Tuairiscíonn an dá fhochoiste eile den Bhord chuig an mBord ag an gcruinniú Boird is gaire dóibh ina dhiaidh sin. Cuirtear miontuairiscí foirmiúla, nuashonruithe ó bhéal agus tuarascálacha ar fáil de réir mar is gá.

Sceideal Tinrimh, Táillí* agus Speansas Bhaill an Bhoird

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe Boird agus Coistí i dtaobh 2022 leagtha amach anseo thíos. Luaitear táillí agus speanais a fuair gach ball, freisin.

Ball Boird	Cruinniú Boird	An Coiste Iniúcháireachta	An Coiste Airgeadais &	Coiste Riaracháin
An Dr Fergal Lynch	9/9		2/3	
An Dr Pat Gallagher	8/8			3/3
An tUas. Pat Naughton	9/10	5/5		

AN FORAS RIARACHÁIN
(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta)
RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ
don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

Elizabeth Adams, Uasal	10/10			3/3
An tUasal Greg Dempsey	9/10	5/5	3/3	
An tUasal George Burke	10/10	5/5	1/1	1/3
An Dr Pamela Byrne	8/10		2/3	
Mary Hurley, Uasal	1/3			0/1
An tUasal Stephen Mulvany	5/8		2/3	
An tUasal David Moloney	5/10			1/3
An Dr Pat O'Leary	7/8			
An Dr Marian O'Sullivan	6/8		2/2	
An Dr Stephen Weir	10/10		3/3	
Fiona Quinn Uasal	5/7			2/2
An Dr. Colm Henry	1/2			
An tUas. Tim Lucey	2/2			
Helen Brophy Uasal	2/2		1/1	

Tag	Ainm	Táillí 2022	Speansais
1	An Dr Fergal Lynch	Nialas	nialas
2	An Dr Pat Gallagher	Nialas	nialas
3	An tUas. Pat Naughton	Nialas	nialas
4	Elizabeth Adams, Uasal	nialas	nialas
5	An tUasal Greg Dempsey	nialas	nialas
6	An tUasal George Burke	nialas	nialas
7	An Dr Pamela Byrne	nialas	nialas
8	Mary Hurley, Uasal	nialas	nialas
9	An tUasal Stephen Mulvany	nialas	nialas
10	An tUasal David Moloney	nialas	nialas
11	An Dr Pat O'Leary	nialas	nialas
12	An Dr Marian O'Sullivan	nialas	nialas
13	An Dr Stephen Weir	nialas	Nialas
14	Fiona Quinn Uasal	Nialas	Nialas
15	An Dr. Colm Henry	Nialas	Nialas
16	An tUas. Tim Lucey	Nialas	Nialas
17	Helen Brophy Uasal	Nialas	nialas

* De réir mhíre 6 de Mheabhrán Comhlachais an IPA, níl táillí infíochta le Baill Bhoird an IPA.

Príomhathruithe Pearsanra

Le linn 2022, chuaigh triúr ball den Bhord ar scor nuair a chríochnaigh siad a dtéarmaí oifige. Líonadh na folúntais seo le linn 2022. D'éirigh beirt bhall eile den Bhord as oifig roimh dheireadh a dtéarmaí oifige agus cuireadh comhaltaí nua den Bhord ina n-ionad in 2022.

AN FORAS RIARACHÁIN

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta)

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

In 2022, rinneadh dhá mór-athrú ar an bhfoireann bainistíochta. Chuaigh an tUasal Ger Murphy isteach i bhFoireann Bainistíochta Sinsearaí an IPA mar Stiúrthóir Acmhainní Daonna, Forbairt Eagraíochtúil agus Cumarsáid Chorpáraideach. Ba é an dara hathrú ná Ard - Stiúrthóir nua, Helen Brophy, a cheapadh an 19^{Deireadh} Fómhair 2022. Ceapadh Brophy ar an mBord freisin in ionad an Dr Marian O'Sullivan ar tháinig deireadh lena téarma oifige^{an} 30 Meán Fómhair 2022.

Nochtuithe a éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Chomhairle freagrach as a chinntiú gur chomhall an IPA riachtanais *Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit* de réir mar atá sé foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Tá na nochtuithe seo a leanas riachtanach de réir an Chóid:

Miondealú ar shochair ghearrthéarma fostaithe

Nochtar sochair ghearrthéarmacha fostaithe os cionn €60,000 thíos. Nóta: Chun críocha an nochtá seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, ragobair agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra leis.

BANDA TUARASTAIL (€) 2022	LÍON FOIRNE	BANDA TUARASTAIL (€) 2021	LÍON FOIRNE
60,000 - 69,999	12	60,000 - 69,999	7
70,000 - 79,999	6	70,000 - 79,999	4
80,000 - 89,999	2	80,000 - 89,999	4
90,000 - 99,999	15	90,000 - 99,999	14
100,000 - 109,999	4	100,000 - 109,999	1
110,000 - 119,999	4	110,000 - 119,999	3
120,000 - 129,999	-	120,000 - 129,999	-
130,000 - 139,999	-	130,000 - 139,999	-
€140,000 - €149,999	-	€140,000 - €149,999	-
150,000 - 159,999	-	150,000 - 159,999	-
160,000 - 169,999	-	160,000 - 169,999	2
170,000 - 179,999	1	170,000 - 179,999	-
180,000 - 189,999	-	180,000 - 189,999	-
190,000 - 199,999	1	190,000 - 199,999	-

Costais Chomhairleoireachta

Ar chostais chomhairleoireachta áirítear costas comhairle seachtraí don mbainistíocht. Ní áirítear feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách' orthu.

	2022 €	2021 €
Costais Forbartha TFC	67,092	62,250
Costas Comhairleoireachta iomlán	67,092	62,250
Costas comhairleoireachta arna gcaipitliú	8,500	11,625
Costais chomhairleoireachta gearrtha ar loncam agus	58,592	50,625
Costas Comhairleoireachta iomlán	67,092	62,250

AN FORAS RIARACHÁIN
(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta)
RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ
don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a chatagóiriú mar seo a leanas:

	2022	2021
	€	€
Baile		
• Bord	-	-
• Fostaithe	45,579	8,336
Idirnáisiúnta		
• Bord	-	-
• Fostaithe	-	846
Iomlán	45,579	9,182

Caiteachas Fáilteachais

Áirítear an Caiteachas Fáilteachais seo a leanas ar an gcuntas loncaim agus Caiteachais:

	2022	2021
	€	€
Fáilteachas Foirne	105	695
Fáilteachas cliaint	-	-
Iomlán	105	695


Ráiteas um Chomhlíonadh

Chomhlíon an IPA riachtanais an *Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016* mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe iad a mhéid is féidir mar gheall ar an gcineál uathúil eagraíochta atá san IPA. Leanann Bord an IPA air ag déanamh maoirseachta ar gach ábhar a bhaineann le comhlíonadh an *Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016* agus ag lorg dearbhuithe ón Ard-Stiúrthóir ina leith. Féach ar an gcuid faoi Sholáthar sa Ráiteas um Rialú Inmheánach.

Le linn 2022, chuaigh an Bord agus a fhochoistí i dteagmháil leis an Ard-Stiúrthóir agus leis an nGrúpa Bainistíochta Sinsearach chun a chinntiú go ndearnadh rioscaí agus bagairtí a bhain le tionchar na Paidéime Covid 19 a bhainistiú agus a mhaolú gan cur isteach ar thimpeallacht rialaithe laistigh den IPA chomh maith agus a b'fhéidir linn.

Tá an Bord sásta leis an leibhéal comhlíonta maidir leis an *gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016* amhail deireadh na bliana 31 Nollaig 2022 agus aird chuí á tabhairt ar an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí na Samhna 2017.

Thar ceann an Bhoird



George Burke
Cathaoirleach
Dáta: 13 Meán Fómhair 2023



Helen Brophy
Ard-Stiúrthóir
Dáta: 13 Meán Fómhair 2023

AN FORAS RIARACHÁIN **(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta)**

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ **INMHEÁNACH**

An Réimse Freagrachta

Thar ceann an Fhorais Riaracháin, admhaím freagracht an Bhoird as a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach um rialú inmheánach. Clúdaíonn an fhreagracht úd na riachtanais atá sa Chód Chleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit (2016). Agus an ráiteas seo á ullmhú bhreithnigh an Coiste Iniúchóireachta & Riosca agus an Bord tuairisc ar shocruithe dearbhaithe agus ar an athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Feidhm an Chórais um Rialú Inmheánach

Leagadh amach an córas um rialú inmheánach chun riosca a bhainistiú ag leibhéal measartha seachas fáil réidh leis. Níl an córas in ann ach deimhniú réasúnta, agus ní deimhniú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaráítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad mar is cóir agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go n-aimsítear go tráthúil iad. Tá an córas um rialú inmheánach, atá ag teacht le treoir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa bhForas Riaracháin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 agus chomh fada le dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais.

Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) ag an bhForas ar a bhfuil triúr bhall Boird agus lena n-áirítear baill ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta. Tháinig an ARC le chéile cúig huaire in 2022. Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ag an bhForas freisin. Tá dóthain acmhainní aici agus déanann sí clár oibre atá comhaontaithe leis an ARC.

Cheap an ARC beartas bainistíochta riosca ina leagtar amach an inghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm, agus ina sonraítear ról agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca, agus tá an beartas seo faofa aige. Bhí an beartas seo bunaithe ar thorthaí tuarascála Iniúchta Inmheánaigh roimhe seo agus ar thorthaí maidir le creat bainistíochta riosca an Fhorais. Dáileadh an beartas ar an bhfoireann iomlán a oibríonn laistigh de bheartais bainistithe riosca an Fhorais Riaracháin, chun an fhoireann bainistíochta a chur ar an eolas maidir le rioscaí agus laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe ina réimse oibre féin. Is é an Stiúrthóir Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha an Príomhoifigeach Riosca ceaptha.

Creat Riosca agus Rialaithe

Aithníonn agus tuairiscíonn córas bainistíochta riosca an Fhorais Riaracháin príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus chun iad a mhaolú a mhéid agus is féidir.

Tá clár riosca againn a aithníonn na rioscaí lárnacha atá roimh an bhForas agus tá siad siúd aitheanta, measta agus grádaithe de réir a dtábhachta. Is mír bhuan ar chlár oibre an Bhoird agus an ARC é an clár agus déantar athbhreithniú air ag gach cruinniú. Baintear leas as torthaí na measúnuithe chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh ionas gur féidir rioscaí a bhainistiú ag leibhéal sásúil. Sa chlár riosca léirítear an rialú agus na bearta atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú mar aon le freagracht baill áirithe foirne as rialú a chur i bhfeidhm. Deimhníonn an Bord go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- Tá nósanna imeachta maidir leis na príomhphróiseas gnó doiciméadaithe. Déanann an ARC maoirseacht ar chuimsiú na n-athbhreithnithe beartais in iniúchtaí inmheánacha ar leith atá san áireamh sa phlean iniúchta inmheánaigh straitéiseach.
- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá córas cuí buiséadaithe ag gabháil leis an mbuiséad bliantúil a gcoinníonn an fhoireann bainistíochta shinsearach súil air.
- Rinneadh athbhreithniú ar na córais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide agus treisíodh iad. Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní an IPA a chosaint.
- Cuireadh sásraí tuairiscithe riosca sonracha i bhfeidhm mar chuid de Fhreagairt Covid 19 an IPA agus ba é seo

AN FORAS RIARACHÁIN **(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta)**

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ **INMHEÁNACH**

buanmhír ar chlár oibre gach Boird le linn 2022.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh cleachtais fhoirmiúla don mhonatóireacht ar próisis rialaithe agus cuirtear easpaí sa rialú in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don Bhord, go tráthúil nuair is cuí. Deimhníonn an Bord go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- Aithníodh rioscaí móra maraon le rialú dá réir is bunaíodh próisis mhonatóireachta ar na rialuithe lárnacha chun aon easpa aitheanta a thuairisciú.
- Bunaíodh socruithe don tuairisciú ag gach leibhéal mar ar leithdháileadh freagracht as bainistiú airgeadais, agus
- Déanann bainisteoirí sinsearacha athbhreithniú go rialta ar thuairiscí tréimhsiúla is bliantúla feidhmíochta agus airgeadais de réir buiséad/réamhaisnéisí
- Cuireadh nósanna imeachta tuairiscithe feabhsaithe i bhfeidhm mar chuid de phlean Freagartha Covid 19 lena n-áirítear socruithe Sláinte agus Sábháilteachta, Cibearshlándáil agus réamhaisnéis airgeadais.

Soláthar

Deimhníonn an Bord go bhfuil infheistíocht á déanamh ag an bhForas ina chuid nósanna imeachta soláthair, ní hamháin d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfar rialacha agus treoirlínte reatha soláthair, ach chun tacú le soláthar dea-chleachtais a sholáthróidh luach breise ar airgead. Faoi na ceisteanna um rialú inmheánach a mhínítear anseo thíos leagtar béim ar ghnóthaí a éiríonn maidir le rialú ar chúrsaí soláthair.

Cé go raibh tionchar diúltach ag an bPaindéim Covid 19 agus ag an gcianobair a ghabhann léi ar amlínte an tionscadail soláthair, lean an Bord agus an ARC orthu ag déanamh maoirseachta ar chur i bhfeidhm an tionscadail soláthair agus tá siad sásta go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh i gcónaí.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhníonn an Bord go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an bhForas chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bhainistiú riosca agus rialú. Is iad obair na n-iniúcháirí idir inmheánach agus seachtrach, an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca a mhaoirsíonn a gcuid oibre siúd agus na mbainisteoirí sinsearacha sa bhForas atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánach a fhorbairt agus a chothabháil, atá mar bhonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú an Fhorais ar éifeachtacht córas na rialuithe airgeadais inmheánacha.

Is féidir leis an mBord a dheimhniú go ndearna sé an t-athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht chóras na rialuithe inmheánacha do 2022 agus gur measúnaíodh an t-aschur ag cruinniú an ARC ar an 15 Feabhra 2023 agus ag an gcruinniú Boird ina dhiaidh sin ar an 23 Márta 2023. Thacaigh tuarascáil don ARC ar shocruithe dearbhairte agus an t-athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh leis seo.

Ceisteanna maidir le Rialú Inmheánach

Soláthar Neamhchomhlíontach

Deimhníonn an Bord go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an bhForas chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte soláthair reatha a áirithiú. D'aithin an Iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais 2022 caiteachas soláthair neamhchomhlíontach dar luach €144k lena n-áirítear:

- Costais gníomhaíocht earcaíochta foirne €41k.
- Costais lónadóireachta 27k
- Costais stáiseanóireachta €28K.

AN FORAS RIARACHÁIN
(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta)

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ
INMHEÁNACH

- Costais Margaíochta, Fógraíochta agus Cur Chun Cinn €48k.

I ngach cás thuas, níor thug an IPA faoi fheachtais soláthair iomchuí (3 luachan nó eile), rud a d'fhág go raibh caiteachas neamhchomhlíontach ann. Tá an IPA ag déanamh gnímh chun é seo a chur ina cheart trí earcú don fholúntas san fheidhm soláthair.

D'athraigh tús na paidéime COVID-19 go luath in 2020, agus an chomhairle sláinte poiblí agus na bearta sábháilteachta a tháinig as, cleachtas oibre an IPA go tapa agus go bunúsach agus bhí obair chianda agus fhíorúil ag teacht chun cinn mar ghnáth-chleachtas don chuid is mó d'fhoireann an IPA. Leanadh leis na socruithe seo le linn 2022 agus de réir threoirínte an Rialtais.

Lean an IPA de dhlúthmhonatóireacht a dhéanamh ar na forbairtí le linn 2022, ag féachaint leis na rioscaí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'oibríochtaí gnó, d'fhoireann agus do gheallsealbhoirí an IPA a mhaolú. Áirítear ar bhearta a ghlac an IPA: -

- Leanúint le cur i bhfeidhm mhúnla Gnó mar is gnáth an IPA agus leanúint le seachadadh oibríochtaí gnó an IPA i dtimpeallacht chianoibre.
- Measúnú leanúnach ar rioscaí suntasacha a bhaineann le paidéim COVID-19 agus lúth an IPA freagairt go héifeachtach.
- Deimhin a dhéanamh de go bhfuil deighilt dualgas láidir ann i gcónaí agus go bhfuil cumhdach leordhóthanach i bhfeidhm i gcás nach mbeadh fáil ar údarais cheadaithe shonracha.
- A chinntiú go leanann na beartais agus na nósanna imeachta uile maidir le cosaint sonraí agus bainistiú taifead atá ann cheana de bheith i bhfeidhm sa timpeallacht chianoibre agus go ndéantar faireachán orthu agus go dtuairiscítear orthu mar is gnách.
- A chinntiú go bhfaigheann baill foirne rochtain ar líonra IPA trí úsáid a bhaint as trealamh TFC ceadaithe an IPA agus go bhfuil an trealamh TFC riachtanach ag gach ball foirne atá ag déanamh cianoibre.
- Measúnú a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar an bhféidearthacht go bhféadfadh laigí a bheith sna rialuithe inmheánacha mar thoradh ar COVID-19 agus bearta a ghlacadh chun monatóireacht a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha agus iad a nuashonrú nuair is gá.

Thar ceann an Bhoird



George Burke
Cathaoirleach

Helen Brophy
Ard-Stiúrthóir

Dáta: 13 Meán Fómhair 2023

Dáta: 13 Meán Fómhair 2023



Ard Reachtair Cuntas agus Ciste

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais An Foras

Riaracháin (CLG)

Tuairim maidir leis na Ráitis Airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Fhorais Riaracháin (CLG) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 mar a éilítear faoi fhorálacha alt 5 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Cuimsítear sna ráitis airgeadais an ráiteas ioncaim agus caiteachais, an ráiteas ar ioncam cuimsitheach, an ráiteas ar athruithe ar chothromas, an ráiteas ar staid airgeadais, an ráiteas ar shreafaí airgid agus na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha.

Is é mo thuairim go dtugtar sna ráitis airgeadais

- léargas fíor cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na cuideachta amháin an 31 Nollaig 2022 agus ar a ioncam agus a caiteachas do 2022
- gur ullmháodh i gceart iad de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 - *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*, agus
- gur ullmháodh go cuí iad de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

Bunús na tuairime

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (ISAnna) mar atá fógartha ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoina caighdeáin sin in aguisín na tuarascála seo. Táim neamhspleách ar an gcuideachta agus tá mo chuid freagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta a fuair mé dóthanach agus cuí le bunús a chur ar fáil do mo thuairim.

Conclúidí maidir le gnóthas leantach

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ag na stiúrthóirí ar bhonn gnóthais leantaigh. Mar a thuairiscítear san aguisín leis an tuarascáil seo, tagaim ar thuairim

- maidir le hoiriúnacht bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a bheith á úsáid ag na stiúrthóirí agus
- cibé an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chur ar chumas nacuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina thaobh seo.

Tuairim ar nithe arna bhforordú ag Acht na gCuideachtaí 2014

Bunaithe ar an obair a rinneadh le linn an iniúchta agus uirthi sin amháin, tuairiscím é sin i mo thuairim

- go bhfuil an fhaisnéis a thugtar sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais, agus
- gur ullmháodh an ráiteas rialachais agus tuarascáil na stiúrthóirí de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

Fuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheasaim a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta.


Is é mo thuairim go raibh taifid chuntasaíochta na cuideachta leordhóthanach chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus go cuí, agus go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Ceanglaítear orm freisin le hAcht na gCuideachtaí 2014 a thuairisciú más rud é, i mo thuairim, nach ndéantar nochtadh ar luach saothair stiúrthóirí agus ar idirbhearta a cheanglaítear le hailt 305 go 312 den Acht. Níl aon rud le tuairisciú agam ina thaobh seo.

Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Chuir na stiúrthóirí faisnéis áirithe eile i láthair leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé seo an ráiteas rialachais agus tuarascáil na stiúrthóirí agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos ar mo fhreagrachtaí tuairisciú maidir le heolas mar sin, agus ar ábhair áirithe eile ar a ndéanaim tuairisciú go heisceachtúil in aguisín na tuarascála seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina thaobh seo.



Georgina O Mahony Ar

**sin agus thar ceann an
An Ard-Reachtair Cuntas agus
Ciste 25 Meán Fómhair 2023**

Aguisín leis an tuairisc

Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Mar atá mionsonraithe i dtuarascáil na stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freagrach as

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm atá leagtha síos faoi Acht na gCuideachtaí, 2014
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor cothrom de réir FRS102
- rialtacht idirbhearta a chinntiú
- a mheas cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid an bhonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh iomchuí agus
- an rialú inmheánach siúd a mheastar a bheith riachtanach chun ullmhú ráitis airgeadais a chumasú atá saor ó mhíríteas ábhartha, is cuma an mar thoradh ar chalaos nó earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na cuideachta agus tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Is í an aidhm atá agam agus mé ag déanamh an iniúchta ná cinnteacht réasúnach a fháil ar an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha nó nach bhfuil, is cuma an mar thoradh ar chalaos nó earráid. Is ionann cinnteacht réasúnach agus leibhéal ard cinnteachta, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na CIlInna míshonrú ábhartha más ann dó. D'fhéadfadh míráitis teacht ó chalaos nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha, ina n-aonar nó go comhiomlán, má cheaptar go réasúnach go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a ghlactar ar bhonn na ráitis airgeadais sin.

Bainim úsáid as breith ghairmiúil agus bíonn amhras gairmiúil orm le linn an iniúchta mar chuid den iniúchadh de réir na CIlInna. Agus mé á dhéanamh,

- Aimsím rioscaí go ndéanfaí míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais cibé acu, de dheasca calaoise nó earráide; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin agus cuirim i gcrích iad; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is mó an riosca nach mbraifear míráiteas ábhartha de dheasca calaoise ná de dheasca earráide, de bhrí gur féidir go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, faillí d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach i gceist i gcalaos.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun modhanna iniúchta a dhearadh a bheidh oiriúnach do na cúinsí atá ann, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Measaim ábharthacht na bpolasaithe cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúnacht mheastacháin chuntasaíochta agus nochtuithe a bhaineann leo.

- Tagaim ar an gconclúid maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, maidir le cibé an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na hInstitiúide leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má dhéanaim amach go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a dhíriú i mo thuarascáil ar na nochtaí gaolmhara sna ráitis airgeadais, nó mura leor na nochtaí sin, mo thuairim a mhionathrú. Bunaím mo chonclúidí ar an fhianaise iniúchta a fhaightear suas go dáta m'iniúchta. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo a bheith ina gcúis leis an gcuideachta scor de bheith ina gnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar iomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtaí agus cibé an dtugann na ráitis airgeadais léiriú ar na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar shlí a thugann léiriú cothrom.

Déanaim teagmháil leo siúd atá freagrach as rialachas maidir leis an scóip agus am atá beartaithe don iniúchadh agus torthaí iniúchta suntasacha i measc ábhair eile. Áirítear leis seo aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a aithním le linn mo chuid iniúchóireachta.

Eolas seachas na ráitis airgeadais

Ní chluadaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile a thugtar leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon tatal chinnteachta ina thaobh.

Maidir leis m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na CIlInna eolas eile a thugtar a léamh agus, leis sin, a mheas an bhfuil an t-eolas eile ar neamhréir go ábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an mbreathnaíonn sé go bhfuil sé míshonraithe ar shlí ábhartha. Más rud é go mbainim tatal as, go bhfuil míráiteas ábhartha ar an eolas eile seo, bunaithe ar an obair atá déanta agam, tá sé de chúram orm é sin a thuairisciú.

Tuairiscí ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith a ghabhann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistíocht agus oibriúchán. Tuairiscím má aimsím nithe ábhartha a bhaineann leis an mbealach inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Féachaim le fianaise a fháil i gcúrsa an iniúchta ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscím má aimsím aon chás ábhartha nuair nach raibh airgead á úsáid chun na críche a leagadh síos ina leith nó sa chás nár chloigh na hidirbhearta leis na húdaráis a bhí á rialú.

AN FORAS RIARACHÁIN
(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta)

RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS
Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

	Nótaí	2022	2021
		€	€
Ioncam			
Ioncam ó Tháillí	2	9,580,446	10,142,096
Díol Foilseacháin	3	385,184	233,614
Síntiúis		214,640	307,506
Deontas ón Oireachtas	4	2,625,000	2,625,000
		<u>12,805,270</u>	<u>13,308,216</u>
Caiteachas Oibriúcháin			
Costais Dhíreacha	6	2,111,931	1,749,661
Costais Tuarastail	7(b)	6,893,676	6,255,786
Caiteachas Riaracháin	8	2,747,189	2,380,855
Ús is iníochta agus muirir eile dá samhail		10,336	11,407
Costas Sochair Scoir	18(b)	1,451,954	1,323,660
		<u>13,215,086</u>	<u>11,721,369</u>
(Easnamh)/Barrachas Oibriúcháin don Bhliain		<u>(409,816)</u>	<u>1,586,847</u>

Baineann gach ioncam agus caiteachas don bhliain le gníomhaíochtaí leanúnacha ar an dáta tuairiscithe. Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 20

Thar ceann an Bhoird



George Burke
Cathaoirleach



Mary Hurley
Leas-Chathaoirleach

Dáta: 13 Meán Fómhair 2023

Dáta: 13 Meán Fómhair 2023

AN FORAS RIARACHÁIN
(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta)

RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH
Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

	2022	2021
	€	€
Barrachas /(Easnamh) tar éis Ranníocaíocht Státhiste	(409,816)	1,586,847
(Caillteanas) ó Thaithí ar Oibleagáidí Sochair Scoir	(7,106,000)	(1,742,000)
Athruithe ar thiomhdí atá mar bhonn ag Luach Reatha Oibleagáidí Sochair Scoir	24,536,000	(1,906,000)
Gnóthachan /(Caillteanas) Achtúireach Iomlán sa bhliain	17,430,000	(3,648,000)
Coigeartú ar Mhaoiniú Sochair Scoir	(17,430,000)	3,648,000
(Caillteanas)/Ioncam cuimsitheach iomlán	(409,816)	1,586,847

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 20

Thar ceann an Bhoird:



George Burke
Cathaoirleach

Mary Hurley
Leas-Chathaoirleach

Dáta: 13 Meán Fómhair 2023

Dáta: 13 Meán Fómhair 2023

AN FORAS RIARACHÁIN
(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta)

RÁITEAS MAIDIR LE HATHRUITHE AR CHOTHROMAS
don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

I LEITH NA BLIANA REATHA

	Cúlchiste Caipitil	Cúlchiste loncaim	Barrachas Carntha loncam agus ar	Cúlchiste Forbartha Chaipitil	Iomlán
	€	€	€	€	€
Amhail an 1 Eanáir 2022	10,436,257	1,325,291	4,076,794	-	15,838,342
Aistriú chuig Cúlchistí Caipitil	275,380	(275,380)	-	-	-
Aistriú chuig Cúlchiste Forbartha Chaipitil	-	-	(2,000,000)	2,000,000	-
Amúchadh an Deontais Chainitil	-	-	-	-	-
(Easnamh) ar Ráiteas loncaim agus Caiteachais	-	-	(409,816)	-	(409,816)
Amhail an 31 Nollaig 2022	10,711,637	1,049,911	1,666,978	2,000,000	15,428,526

I LEITH NA BLIANA ROIMHE SIN

	Cúlchiste Caipitil	Cúlchiste loncaim	Barrachas Carntha loncam agus ar	Cúlchiste Forbartha Caipitil	Iomlán
	€	€	€	€	€
Amhail an 1 Eanáir 2021	10,162,351	1,599,197	2,489,947	-	14,251,495
Aistriú chuig Cúlchistí Caipitil	273,906	(273,906)	-	-	-
Amúchadh an Deontais Chainitil	-	-	-	-	-
Barrachas ar Ráiteas loncaim agus Caiteachais	-	-	1,586,847	-	1,586,847
Amhail an 31 Nollaig 2021	10,436,257	1,325,291	4,076,794	-	15,838,342

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 20

Thar ceann an Bhoird



George Burke
Cathaoirleach
Dáta: 13 Meán Fómhair 2023



Mary Hurley
Leas-Chathaoirleach
Dáta: 13 Meán Fómhair 2023

AN FORAS RIARACHÁIN
(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta)

RÁITEAS AR STAID AIRGEADAIS
don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

	Nótaí	2022 €	2021 €
Sócmhainní nach sócmhainní reatha iad			
Réadmhain, Gléasra & Trealamh	10	12,380,448	12,652,272
Sócmhainní Reatha			
Fardal	9	64,236	135,153
Airgead Infhaighte	11	2,578,080	3,082,450
Airgead Tirim agus a Choibhéis		<u>6,513,469</u>	<u>7,735,020</u>
		9,155,785	10,952,623
Suimeanna iníochta			
Méideanna a bheidh dlíte laistigh de bhliain amháin	12	<u>(5,333,176)</u>	<u>(6,715,168)</u>
Glanshócmhainní Reatha		<u>3,822,609</u>	<u>4,237,455</u>
Iomlán na Sócmhainní Iúide Dlíteanais Reatha		16,203,057	16,889,727
Suimeanna iníochta			
Méideanna a bheidh dlíte tar éis bliana amháin	13	<u>(774,531)</u>	<u>(1,051,385)</u>
Iomlán na Sócmhainní Iúide Dlíteanais		15,428,526	15,838,342
Oibleagáid Sochair Scoir Fhadtéarmaigh	18(a)	(57,578,000)	(75,283,000)
Sócmhainn Iarchurtha le haghaidh Sochair Scoir	18(a)	<u>57,578,000</u>	<u>75,283,000</u>
Glanshócmhainní		<u><u>15,428,526</u></u>	<u><u>15,838,342</u></u>
Ag ionadú			
Caipiteal agus Cúlchistí Ioncaim		11,761,548	11,761,548
Cúlchistí Forbartha Caipitil		2,000,000	-
Barrachas Carntha ar Chuntas Ioncaim & Caiteachais		1,666,978	4,076,794
		<u>15,428,526</u>	<u>15,838,342</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 20

Thar ceann an Bhoird



George Burke
Cathaoirleach

Dáta: 13 Meán Fómhair 2023



Mary Hurley
Leas-Chathaoirleach

Dáta: 13 Meán Fómhair 2023

AN FORAS RIARACHÁIN
(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta)

RÁITEAS AR SHREAFÁÍ AIRGID
don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

	Nótaí	2022 €	2021 €
GLANSHREAFÁÍ AIRGID AS GNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN			
(Easnamh)/ Barrachas Oibriúcháin tar éis Coigeartuithe Ranniocaíochta Stáitchiste le haghaidh:		(409,816)	1,586,847
Dímheas	10	10,336	11,407
Iníochta ar Ús		545,200	532,561
Laghdú /(Méadú) ar Fhardail (Méadú)/ Laghdú ar Airgead Infhaighte (Laghdú) ar Airgead		70,917	(19,679)
		504,370	(516,695)
		<u>(1,383,466)</u>	<u>(302,600)</u>
Glanshreafaí Airgid as Gníomhaíochtaí Oibriúcháin		(662,459)	1,291,841
SREAFÁÍ AIRGID ASGNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTÍOCHTA			
Íocaíochtaí as Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh	10	<u>(273,376)</u>	<u>(75,484)</u>
Glanshreafaí airgid as Gníomhaíochtaí Infheistíochta		<u>(935,835)</u>	<u>1,216,357</u>
SREAFÁÍ AIRGID AS GNÍOMHAÍOCHTAÍ AIRGEADAITHE			
Ús Íochta		(10,336)	(11,407)
Laghdú ar Shaoráid Morgáiste 20 Bliain	13a	<u>(275,380)</u>	<u>(273,906)</u>
Glanshreafaí airgid as Gníomhaíochtaí Airgeadaithe		<u>(285,716)</u>	<u>(285,313)</u>
(Laghdú) / méadú glan ar airgead tirim agus a choibhéis	14	<u>(1,221,551)</u>	<u>931,044</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 20

AN FORAS RIARACHÁIN **(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta)**

1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Tá bonn na cuntasáíochta agus na beartais chuntasaíochta suntasacha a ghlac an Foras Riaracháin leagtha amach thíos. Feidhmíodh iad go léir go seasmhach ar feadh na bliana ar fad agus sa bhliain roimhe sin.

(a) Eolas ginearálta

Is cuideachta phríobháideach faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal atá corpraithe i bPoblacht na hÉireann é an Foras Riaracháin. Is é 59 Bóthar Lansdún, Baile Átha Cliath 4, an Oifig Chláraithe. Is é príomháit ghnó na cuideachta é freisin.

Is é príomhchuspóir an Fhorais, mar atá leagtha amach ina Meabhrán agus ina hAirteagail Chomhlachais, oideachas a chur chun cinn, scoláireacht a chur chun cinn agus acmhainn a thógáil i riarachán poiblí agus i mbainistíocht phoiblí chun seirbhísí poiblí a fheabhsú.

(b) Ráiteas um Chomhlíonadh

Ullmhaíodh Ráitis Airgeadais an Fhorais Riaracháin Phoiblí don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022 de réir FRS 102, 'An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is Infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn ', arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

Cuireadh na beartais cuntasáíochta seo a leanas i bhfeidhm chun déileáil le nithe a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais na Gníomhaireachta.

(c) Bunús Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ag luachanna cothroime mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na Ráitis Airgeadais san fhoirm a ceadaíodh faoi Achtanna na gCuideachtaí agus na prionsabail chuntasaíochta ábhartha a nglactar leo go ginearálta (GAAP). Cuireadh na beartais cuntasáíochta seo a leanas i bhfeidhm chun déileáil le nithe a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais na Gníomhaireachta.

(i) Ioncam (Seachas Deontas ón Oireachtas)

Áirítear ioncam ar bhonn suimeanna infhaighte. Cuirtear táillí cúrsa, a dtugtar cuntas orthu faoi ioncam ó tháillí, san áireamh in ioncam le linn thréimhse an chúrsa.

(ii) Deontas ón Oireachtas

Aithnítear ioncam ar bhonn fabhráithe de ghnáth; eisceacht amháin is ea Deontais ón Oireachtas. Aithnítear iad ar bhonn fáltas airgid tirim.

(iii) Deontais Chaipitil

Cuirtear deontais i leith caiteachais chaipitil chun sochair do Chaipiteal agus Cúlchistí agus scaoiltear iad chuig an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais thar shaolré fhóna mheasta na sócmhainní gaolmhara, i dtráthchodanna bliantúla comhionanna.

(iv) Réadmhaoin, Gléasra & Trealamh agus Dímheas

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh, lena n-áirítear foirgnimh, ag a gcostas stairiúil nó ag a luacháil lúide dímheas carntha. Taifeadtar gach sócmhainn sheasta inlámhsithe ar dtús ag costas stairiúil. Áirítear leis seo táillí dlíthiúla, dleacht stampála agus cánacha ceannaigh neamh-inaisíochta eile, chomh maith le costais ar bith atá inchurtha go díreach i leith an tsócmhainn a thabhairt chuig an suíomh agus an coinníoll atá riachtanach chun í a bheith in ann oibriú ar an mbealach atá beartaithe ag an mbainistíocht, lena n-áirítear costais ullmhúcháin láithreáin, seachadadh agus láimhseáil tosaigh, suiteáil agus cóimeáil, agus tástáil feidhmiúlachta.

AN FORAS RIARACHÁIN (Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta)

Soláthraítear dímheas ar gach sócmhainn inláimhsithe sheasta, seachas talamh ruilse, ag rátaí a ríomhtar chun costas nó luacháil gach sócmhainne, lúide luach iarmharach measta, a dhíscríobh go córasach thar a saolré úsáideach mheasta, ar bhonn mhéid chothroim, mar a leanas:

Foirgnimh Ruilse	2% Méid Cothrom
Áitribh Léasa	2% Méid Cothrom
Troscán agus Feistis	5% Méid Cothrom
Trealamh	10% Méid Cothrom
Leabharlanna	20% Iarmhéid Laghdaitheach
Office Meaisíní	25% Méid Cothrom
Foirgnimh Réamhdhéanta	Tosaíonn Dímheas

de réir Méid Chothroim 33.3% sa bhliain ina gcuirtear an tsócmhainn in úsáid.

(v) **Fardal**

Luaitear fardail ag an luach is ísle costais agus ag an glanluach inréadaithe ag baint úsáide as an modh is túisce isteach, is túisce amach. Tá an glanluach inréadaithe bunaithe ar ghnáthphraghas díola, lúide costais a mheastar a thabhófar go dtí críochnú agus diúscairt. Déantar soláthar, nuair is gá, d'fhardal atá imithe i léig agus ag gluaiseacht go mall.

(vi) **Airgead Infhaighte**

Déantar infháiltas a thaifeadadh ar dtús ag praghas idirbhirt. Díscríobhtar drochfhiacha aitheanta agus déantar soláthar d'aon mhéideanna a bhfuil amhras ann faoina mbailiú.

(vii) **Costas Sochair Scoir**

Tá scéim sochair scoir shainithe i bhfeidhm d'fhostaithe uile an Fhorais Riaracháin, de réir mar is cuí. Faoi fhorálacha an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009, aistríodh sócmhainní ciste sochair scoir an Fhorais, a tomhaiseadh ag luach cóir, chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean an 30 Meitheamh 2010. Leanann an scéim sochair scoir de bheith i bhfeidhm do bhaill reatha gan aon tionchar a bheith acu ar shochair ná ar sholáthar goimhar do bhaill.

Oibríonn an IPA an Scéim Pinsean Seirbhísí Phoiblí Aonair (Scéim Aonair), ar scéim sochair shainithe í d'fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tomhaistear dliteanas na scéime sochair scoir ar bhonn achtúireach ag baint úsáide as modh an aonaid réamh-mheasta agus léiríonn siad luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin sa todhchaí atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. De réir na socrúithe maoinithe pinsin, aithnítear sócmhainn atá cothrom leis an dliteanas seo agus léiríonn sé na suimeanna atá le haisíoc i dtréimhsí amach anseo trí dheontas ón Oireachtas.

Cuimsíonn an muirear sochair scoir sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais ranníocaíocht an Fhorais atá iníoctha leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ó dháta an aistrithe de réir na socrúithe maoinithe. Ní dhéanann an Foras ranníocaíocht pinsin fostóra maidir le foireann na Scéime Singile de réir mar a dheimhníonn an RCPA é.

Tar éis aistriú sócmhainní na scéime, maoiníonn an Stáitchiste an Foras ar bhonn pá de réir mar a úsáidtear chun íoc as costais na bpinsean de réir mar a thagann siad chun cinn.

(viii) **Cánachas**

Tá an chuideachta i dteideal díolúine ó chánachas faoin Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Is í CHY 5401 an Uimhir Chlárúcháin Charthanais agus is í 2008031 an Uimhir Rialála Carthanais. Dá réir sin, níor cuireadh aon mhuirear cánach san áireamh sna Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022.

AN FORAS RIARACHÁIN (Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta)

- (ix) **Airgead Tirim agus a Choibhéis**
Is é atá in airgead tirim ná airgead tirim ar láimh agus éarlaisí éilimh. Is é atá i gcoibhéisí airgid tirim infheistíochtaí gearrthéarmacha, an-leachtacha atá inchomhshóite go héasca ina méideanna airgid thirim atá ar eolas agus atá faoi réir riosca neamhshuntasach maidir le hathrú ar luach.
- (x) **Íasachtaí agus Íasachtaíochtaí**
Fuair an Chuideachta €5 mhiliún mar íasacht 20 bliain atá urraithe le morgáiste ar a háitreabh ag Bóthar Lansdún (tá 7 mbliana fágtha). Is é an ráta úis a ghearrtar ná Euribor + 0.5%. Mar a éilíonn FRS 102 aithnítear luach na hiasachta agus speansas úis ag baint úsáide as modh an ráta úis ghlain.
- (xi) **Dlíteanas Airgeadais Eile**
Déantar suimeanna iníochta trádála a thomhas ag praghas an tsonraisic, ach amháin má dhéantar an íocaíocht a iarchur thar ghnáththearmaí gnó nó má mhaoinítear iad ag ráta úis nach ráta margaidh é. Sa chás seo, is ionann an socrú agus idirbheart maoinithe, agus déantar an dlíteanas airgeadais a thomhas ag luach reatha na n-íocaíochtaí a dhéanfar sa todhchaí arna lascaíniú ag ráta úis margaidh d'ionstraim fiachais chomhchosúil.
- (xii) **Caipiteal agus Cúlchistí**
Cuimsítear i gcúlchiste Chlár Comhardaithe an Fhorais cúlchiste caipitil, cúlchiste ioncaim, cúlchiste forbartha caipitil agus cúlchiste barrachais carnach ar ioncam agus caiteachas. Coimeádtar an cúlchiste caipitil chun forbairt bhonneagar tógála an IPA a mhaoiniú, freastalaíonn an cúlchiste ioncaim ar an phríomhshuim ar an tsaoráid fiachais mhorgáiste fhadtéarmaigh, agus úsáidtear an cúlchiste barrachais carnach chun gníomhaíochtaí oibriúcháin leanúnacha a mhaoiniú.
- (xiii) **Breithiúnais agus Príomhfhoinsí Neamhchinnteacht Meastacháin**
Éilíonn ullmhúchán na Ráiteas Airgeadais seo ar an mbainistíocht breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar chur i bhfeidhm polasaithe agus méideanna tuairiscithe sócmhainní agus dlíteanas, ioncaim agus speansas.
Déantar breithiúnais agus meastacháin a mheas go leanúnach agus tá siad bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile, lena n-áirítear ionchais maidir le himeachtaí amach anseo a chreidtear a bheith réasúnach sna himthosca.
Déanann an chuideachta meastacháin agus boinn tuisceana maidir leis an todhchaí. Is annamh a bheidh na meastacháin chuntasaíochta a thagann as sin cothrom leis na torthaí iarbhair a bhaineann leo, de réir sainmhíneithe. Measann na stiúrthóirí gur meastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta chriticiúla iad na meastacháin agus na toimhdí cuntasaíochta thíos:
- (xiv) **Gnóthas Leantach**
Tá buiséid agus sreafaí airgid ullmhaithe ag na stiúrthóirí ina dtuartar go dtabhóidh an Foras Riaracháin easnamh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023. Tá barrachais charntha agus cúlchiste forbartha caipitil carntha ag an IPA amháin an 31 Nollaig 2022. Trí cúlchistí leordhóthanacha a choinneáil léirítear inbhuanaitheacht agus cumas na cuideachta deacrachtaí airgeadais gan choinne a bhainistiú agus dearbhú a thabhairt do pháirtithe leasmhara agus do chreidiúnaithe gur féidir leis an IPA a ghealltanais airgeadais amach anseo a chomhlíonadh. Tá na cúlchistí sin rithábhachtach chun oibriochtaí airgeadais na cuideachta a chothú ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta ar faomhadh na Ráitis Airgeadais. Faigheann an Foras Riaracháin tacaíocht ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ina cuid iarrachtaí maoiniú an IPA a chur ar bhonn láidir a dhaingneoidh todhchaí na heagraíochta san fhadtéarma. Ar an mbonn sin measann na stiúrthóirí nach bhfuil aon éiginnteacht ábhartha ann maidir le cumas na cuideachta a dlíteanas a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlíte agus measann siad gurb íomchuí na Ráitis Airgeadais a ullmú ar bhonn gnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní chuimsíonn na Ráitis Airgeadais seo aon choigeartuithe ar na suimeanna glanluacha agus ar aicmiú sócmhainní agus dlíteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn mura mbeadh an chuideachta in ann leanúint ar aghaidh mar gnóthas leantach.
- (xv) **Bearnúchán Suimeanna Infhaighte Trádála**
Tá an chuideachta ag trádáil le líon mór agus éagsúil custaiméirí ar théarmaí creidmheasa. Tá roinnt fiachais atá dlíte nach n-íocfar mar thoradh ar mhainneachtain líon beag custaiméirí. Úsáideann an chuideachta meastacháin bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar fhaisnéis reatha chun leibhéal na bhfiach a bhfuil muirear bearnúcháin ag teastáil ina leith a chinneadh. Déantar athbhreithniú ar an leibhéal bearnúcháin a theastaíonn ar bhonn leanúnach.
- (xvi) **Bearnúchán an Fhardail**
Tá na stiúrthóirí den tuairim go ndearnadh muirear leordhóthanach chun an fhéidearthacht go ndíolfaí fardal ar níos lú ná an costas a léiriú. Mar sin féin, tá an meastachán seo faoi réir neamhchinnteachta bunúsáil.

AN FORAS RIARACHÁIN
(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta)

(xvii) Saol Úsáideach Réadmhaoine, Gléasra agus Trealamh

Is ionann sócmhainní fadsaolacha, a chuimsíonn go príomha talamh agus foirgnimh, meaisíní oifige agus troscán, agus cuid shuntasach de shócmhainní iomlána. Braitheann an muirear dímheasa bliantúil go príomha ar shaolré mheasta gach cineál sócmhainne agus, i gcúinsí áirithe, ar mheastacháin ar luachanna iarmharacha. Déanann na stiúrthóirí athbhreithniú go rialta ar na saolta úsáideacha sin agus athraíonn siad iad más gá chun na dálaí reatha a léiriú. Agus na saolta úsáideacha seo á gcinneadh, déanann an bhainistíocht machnamh ar athrú teicneolaíochta, ar phatrúin tomhaltais, ar bhail fhisiceach agus ar úsáid eacnamaíoch ionchais na sócmhainní. Is féidir tionchar suntasach a bheith ag athruithe sa saol úsáideach ar an muirear dímheasa don bhliain airgeadais.

2. IONCAM Ó THÁILLÍ

	2022	2021
	€	€
Oiliúint	4,827,504	4,423,624
Oideachas	4,475,792	5,363,151
Taighde	<u>277,150</u>	<u>355,321</u>
	<u>9,580,446</u>	<u>10,142,096</u>

3. DÍOL FOILSEACHÁN

	2022	2021
	€	€
Ioncam ó Fhoilseacháin IPA	<u>385,184</u>	<u>233,614</u>

4. DEONTAS ÓN OIREACHTAS

Fuarthas €2,725,000 (2021: €2,725,000) ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar tugadh €100,000 de i Síntiúis agus is é €2,625,000 an deontas. Soláthraíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an deontas (Vóta Uimh. 11, Fotheideal B.3) i leith dlíteanas faoi chostais ghinearálta neamhphá agus déanann an Foras é a tharraingt anuas ar bhonn bliantúil.

5. BARRACHAS / (EASNAMH) OIBRIÚCHÁIN

Luaitear an barrachas/(easnamh) oibríochta tar éis an méid seo a leanas a ghearradh/(a chur chun sochair):

(a) Luach Saothair na Stiúrthóirí

Ní fhaigheann baill Bhord an IPA táillí. Cé nach dtaistealaíonn baill an Bhoird ar ghnó oifigiúil mar bhaill den Foras tá siad i dteideal taisteal agus cothabháil a éileamh as freastal ar chruinnithe Boird agus fochoiste. Don bhliain 2022, níor éiligh ball den Bhord aon chostais.

AN FORAS RIARACHÁIN
(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta)

(b) Luach Saothair an Phríomhphearsanra Bhainistíochta

An tArd-Stiúrthóir atá ag dul as oifig

	An tArdstiúrthóir 2022 (€)	An tArdstiúrthóir 2021 (€)
Tuarastal ÁSPC	136,414	163,327
Fostóra	13,871	16,512
Ranníocaíocht Pinsin	47,199	56,511
Taisteal agus Cothabháil	-	744

Ard-Stiúrthóir atá ag teacht isteach

	An tArdstiúrthóir 2022 (€)	An tArdstiúrthóir 2021 (€)
Tuarastal ÁSPC	39,809	-
Fostóra	4,006	-
Ranníocaíocht Pinsin	13,774	-
Taisteal agus Cothabháil	-	-

An Grúpa Bainistíochta Sinsearach (SMG)

Tá an SMG comhdhéanta den Ard-Stiúrthóir Cúnta, an Stiúrthóir Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha, an Stiúrthóir Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine, na Stiúrthóirí Oiliúna agus Comhairleoireachta agus an Stiúrthóir Taighde, Foilsitheoireachta agus Caidrimh Chorparáidigh.

	SMG 2022 (€)	SMG 2021 (€)
Liúntais	893,523	741,684
Tuarastail	-	-
Sochair scoir	-	-
Árachas Sláinte	-	-

(c) Luach Saothair an Iníuchóra	25,400	25,400
(d) Dímhéas (Líon na nDiúscairtí)	545,200	532,561
(e) Ús is Iníochta ar shuimeanna atá le n-íoc ar ais thar Tréimhse is faide ná Cúig Bliana	7,724	9,396

AN FORAS RIARACHÁIN
(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta)

6. ANAILÍSAR CHOSTAIS DHÍREACHA

	2022	2021
	€	€
Oiliúint	765,154	654,663
Oideachas	1,027,022	825,256
Foilseacháin	244,496	218,951
Taighde	<u>75,259</u>	<u>50,791</u>
	<u>2,111,931</u>	<u>1,749,661</u>

7. EOLAS FAOI FHOSTAITHE

(a) Déantar anailís thíos ar mheánlíon buanfhostaithe na cuideachta i rith na bliana, stiúrthóirí lánaimseartha san áireamh.

	2022	2021
Oiliúint	22	21
Oideachas	31	32
Foilseacháin	5	5
Taighde	4	4
Eolas Ginearálta	<u>22</u>	<u>22</u>
	<u>84</u>	<u>84</u>

(b) Cuimsíonn costais tuarastail na cuideachta do gach fostaí:

	2022	2021
	€	€
Pá agus Tuarastail	5,464,039	4,973,277
Foireann Chomhlach	745,597	682,746
Costais Árachais Shóisialaigh	655,288	595,229
Plean Leanúnachais Ioncaim	<u>28,752</u>	<u>4,534</u>
	<u>6,893,676</u>	<u>6,255,786</u>

Caitheadh leis na suimeanna go léir thuasluaite mar chaiteachas de chuid na cuideachta sa bhliain airgeadais. Níor caipitlíodh suim ar bith ina sócmhainní.

Rinneadh €236,890 (2021 €205,102) den ASC (asbhaint a bhaineann le pinsean) a asbhaint agus a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Mar thoradh ar ath-implonú foirne an IPA le linn 2012, tá roinnt ball foirne ar iasacht. Ós rud é go bhfaightear méideanna tuarastail na mball foirne ar iasacht ar ais ina n-iomláine, ní thaispeántar méideanna na mball foirne ar iasacht, is é sin, €135,629 (2021: €127,932).

Baineann foireann bhuan an Fhorais a ceapadh roimh 2015 leas as Scéim Leanúnachais Ioncaim. Níl baill foirne a ceapadh i ndiaidh 2015 incháilithe don scéim.

8. ANAILÍS AR CHAITEACHAIS RIARACHÁIN

	2022	2021
	€	€
Deisiúcháin, Glanadh agus Cothabháil	674,021	629,316
Dímheas	545,201	532,561
Stáiseanóireacht agus Fótachóipeáil	116,769	75,689
Solas, Teas agus Fón	210,282	86,792
Postas	77,730	65,770
Árachas	44,207	60,896
Gnóthaí Corparáideacha	167,402	211,776
Forbairt Foirne	(8,498)	31,403
Eolas Ginearálta	861,393	434,320
Soláthar maidir le fiacha amhrasacha agus drochfhiacha a	<u>58,682</u>	<u>252,332</u>
	<u>2,747,189</u>	<u>2,380,855</u>

Rinneadh iarmhéideanna 2021 a athaicmiú i gcomhréir le cur i láthair 2022.

AN FORAS RIARACHÁIN
(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta)

9. FARDAL

	2022	2021
	€	€
Stáiseanóireacht agus Leabhair	<u>64,236</u>	<u>135,153</u>
Níl aon fhardal geallta mar shlándaíl		

10. Réadmhaoín, Gléasra & Trealamh

I LEITH NA BLIANA REATHA

	Talam h & Foirgnimh^(a)	Meais íní Oifige	Troscán, Feistis, Trealamh & Leabhair	Iomlán
	€	€	€	€
COSTAS				
Amhail an 1 Eanáir 2022	20,607,256	1,674,426	2,720,478	25,002,160
Breiseanna	-	9,566	263,810	273,376
Diúscairtí	-	-	-	-
Amhail an 31 Nollaig 2022	<u>20,607,256</u>	<u>1,683,992</u>	<u>2,984,288</u>	<u>25,275,536</u>
DÍMHEAS				
Amhail an 1 Eanáir 2022	8,222,558	1,672,024	2,455,306	12,349,888
Muirear don bhliain	410,364	5,098	129,738	545,200
Diúscairtí	-	-	-	-
Amhail an 31 Nollaig 2022	<u>8,632,922</u>	<u>1,677,122</u>	<u>2,585,044</u>	<u>12,895,088</u>
GLANLUACH NA LEABHAR				
Amhail an 31 Nollaig 2022	<u>11,974,334</u>	<u>6,870</u>	<u>399,244</u>	<u>12,380,448</u>
Amhail an 1 Eanáir 2022	<u>12,384,698</u>	<u>2,402</u>	<u>265,172</u>	<u>12,652,272</u>

Nóta (a): Sceideal na Réadmhaoine agus an Cineál

Sealbhaithe 57-61 Bhóthar Lansdún	Ruílse
49 -51 Bóthar Lansdún	Ruílse
55 Bóthar Lansdún	Ruílse
Vergemount Hall, Cluain Sceach	Ceadúnas le hOifig na nOibreacha Poiblí trí chíos ainmniúil

AN FORAS RIARACHÁIN
(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta)

11. INFHÁLTAIS

	2022	2021
	€	€
Infháltais Trádála	2,499,501	3,011,936
Pinsin an Stáitchiste (nóta 19c)	21,618	(4,503)
Réamhíocaíochtaí agus Infháltais Eile	<u>56,961</u>	<u>75,017</u>
	<u>2,578,080</u>	<u>3,082,450</u>

Tá suimeanna infhaighte trádála glan ó sholáthar d'fhiacha amhrasacha €258,409 (2021: € 199,728).

12. AIRGEAD INÍOCTHA: MÉIDEANNA A BHEIDH DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN

	2022	2021
	€	€
Iasachtaí Bainc (Nóta 13a)	275,380	273,906
Airgead iníochta ó thrádáil	321,757	550,199
Ioncam ó Tháillí larchurtha	3,655,474	5,059,287
Íocaíochtaí agus Fabhruithe Éagsúla	780,653	545,898
ÍMAT/ÁSPC	<u>299,912</u>	<u>285,878</u>
	<u>5,333,176</u>	<u>6,715,168</u>

13. AIRGEAD INÍOCTHA: MÉIDEANNA A BHEIDH DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN

	2022	2021
	€	€
Áis Ráta Athraithe €5m 20 Bliain	<u>774,531</u>	<u>1,051,385</u>

Tá an iasacht in-aisíochta i dtráthchodanna thar thréimhse 20 bliain. Tá 5 bliana fágtha ar an tréimhse aisíocaíochta. Tá sé faoi réir ráta úis athraithe bunaithe ar Euribor + 0.5%. Ba ionann an meánráta úis ualaithe le linn na bliana airgeadais agus 0.65% (2020: 0.65%). Coimeádann an banc na gníomhais chuig Uimh. 55 Bóthar Lansdún mar urrús ar an tsaoráid seo.

13a IASACHTAÍ BAINC

Tugtar anailís ar aibíocht na n-iasachtaí thíos:

	2022	2021
	€	€
Laistigh de 1 bhliain amháin	275,380	273,906
Laistigh de 2 -5 bliana	774,531	841,108
Tar éis níos mó ná 5 bliana	<u>-</u>	<u>210,277</u>
	<u>1,049,911</u>	<u>1,325,291</u>

De réir an bheartais chuntasaíochta aithnítear deontais chaipitil trí úsáid a bhaint as an tsamhail fhabhráithe. Aithnítear na deontais seo, atá chun ionad oiliúna an IPA a cheannach, thar shaolré úsáideach na sócmhainní, is é sin 20 bliain. Níl aon choinníollacha ná teagmhais nár comhlíonadh ag baint leis na deontais seo.

AN FORAS RIARACHÁIN
(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta)

14. RÉITEACH GLAN-SREABHADH AIRGID LE GLUISEACHT IN Airgead tirim /(Fiach) GLAN

	2022	2021
	€	€
(Laghdú)/ Méadú ar Airgead Tirim	(1,221,551)	931,044
Laghdú ar Shaoráid Morgáiste 20 Bliain	<u>275,380</u>	<u>273,906</u>
Gluaiseacht in Airgead /(Fiach) Glan Le Linn na Bliana	(946,171)	1,204,950
Airgead tirim /(Fiacha) glan amhail an 1 Eanáir	<u>6,409,729</u>	<u>5,204,779</u>
Airgead /(Fiacha) Glan amhail an 31 Nollaig	<u>5,463,558</u>	<u>6,409,729</u>

Anailís ar Athruithe ar Airgead /(Fiacha) Glan

	Amhail an 31	Sreafaí Airgid	Amhail an 31
	Nollaig	€	Nollaig
	2021		2022
Airgead Tirim agus a Choibhéis	7,735,020	(1,221,551)	6,513,469
Saoráid Morgáiste 20 Bliain	<u>(1,325,291)</u>	<u>275,380</u>	<u>(1,049,911)</u>
Iomlán	<u>6,409,729</u>	<u>(946,171)</u>	<u>5,463,558</u>

15. TEAGMHAIS INA DHIAIDH SIN

Ní raibh aon imeachtaí suntasacha ann a raibh tionchar acu ar an gcuideachta tar éis dháta an Chláir Chomhardaithe.

16. CEANGALTAIS CHAIPITIL

Ní raibh aon ghealltanais chaipitil ann ag deireadh na bliana.

17. DLITEANAS TEAGMHASACH

Níl aon dliteanais theagmhasacha ann ag deireadh na bliana a bhféadfadh drochthionchar ábhartha a bheith acu ar staid airgeadais na cuideachta.

18. SOCHAIR SCOIR

(a) Oibleagáid agus Sócmhainn Sochair Scoir

Mar atá leagtha amach sna beartais chuntasaíochta (féach Nóta 1), aistríodh ciste sochair scoir an Fhorais chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean an 30 Meitheamh 2010 de réir an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ighnéitheacha), 2009. Tar éis aistriú sócmhainní scéime, ceanglaítear ar an bhForas ranníocaíocht bhliantúil a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tar éis sochair scoir atá dlite le haghaidh íocaíochta a chur san áireamh. Cuirfidh an roinn maoiniú ar fáil sa chás go sáraíonn na sochair scoir a íoctar an ranníocaíocht. Tá glactha ag an mBord leis an gcóireáil agus na nochtaí a éilítear le hAlt 28 den chaighdeán cuntasaíochta FRS 102 chun na socrúithe atá i bhfeidhm a léiriú. Cé go bhfeidhmíonn an socrú maoinithe ar bhonn glanphá leis an roinn, creideann an Foras go bhfuil an cineál socráithe cosúil le haisíoc iomlán na hoibleagáide sochair scoir nuair a bhíonn na dliteanais sin dlite le híos, agus dá bhrí sin aithníonn sí a cheart chun na haisíocaíochta mar shócmhainn ar leithligh i méid atá comhionann leis an oibleagáid ag deireadh na bliana.

Ba é €57,578,000 an oibleagáid sochair scoir an 31 Nollaig 2022 (2021: €75,283,000) bunaithe ar luacháil achtúireach ar na hoibleagáidí sochair scoir i leith fhoireann an Fhorais amhail an 31 Nollaig 2022 a rinne achtúire neamhspleách cáilithe chun críocha FRS 102. Aithnítear sócmhainn maoinithe iarchurtha €57,578,000 atá cothrom leis an dliteanas amhail an 31 Nollaig 2022 mar shócmhainn ar leithligh ar an Ráiteas ar Staid Airgeadais. Críochnaíodh an t-athbhreithniú achtúireach ar nochtadh FRS102 chun críocha Ráitis Airgeadais 2022.

AN FORAS RIARACHÁIN
(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta)

Gluaiseacht in Oibleagáid Sochair Scoir

	2022 €'000	2021 €'000
Luach reatha Oibleagáidí na Scéime amhail an 1 Eanáir	75,283	71,921
Costais seirbhíse reatha	1,139	1,133
Ranníocaíochtaí Rannpháirtithe an Phlean	42	141
Costais úis	741	503
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach	(17,430)	3,648
Sochair a íocadh	(2,197)	(2,021)
Costais a íocadh	-	(42)
Luach Reatha Oibleagáidí na Scéime amhail an 31 Nollaig	<u>57,578</u>	<u>75,283</u>
Sócmhainní Sochair Scoir amhail an 31 Nollaig	<u>57,578</u>	<u>75,283</u>

(b) Costas Sochair Scoir a aithníodh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

	2022 €'000	2021 €'000
Ranníocaíochtaí Pinsin Fostóra a chuirtear chuig an Stáitchiste	1,452	1,324
Costais seirbhíse reatha	1,181	1,274
Costais úis	741	503
Coigeartú ar Mhaoiniú Pinsin Iarchurtha ón Stáitchiste	<u>(1,922)</u>	<u>(1,777)</u>
Iomlán a ghearrtar chuig an Ráiteas Ioncaim agus	<u>1,452</u>	<u>1,324</u>

(c) Ranníocaíocht leis an Stáitchiste i leith Sochar Scoir

De réir na socruithe atá leagtha amach i Nóta 18a éilítear ar an bhForas ranníocaíocht bhliantúil a dhéanamh leis an Stáitchiste maidir le sochair scoir. Socraítear an ranníocaíocht ag 34.6% de mhuirear párolla an Fhorais agus cuimsíonn sí ranníocaíocht an Fhorais de €1.45m (2020: €1.3m) agus ranníocaíochtaí fostaí de €27,935 (2021: € 175,396). Déanann an Foras íocaíochtaí sochar scoir agus íocaíochtaí gaolmhara thar ceann an Stáitchiste agus ríomhtar an tsuim atá iníochta leis an Stáitchiste tar éis íocaíochtaí dá leithéid a chur san áireamh. Tá méideanna atá iníochta leis an Stáitchiste leagtha amach thíos:

	2022 (€)	2021 (€)
Iarmhéid ar an 1 Eanáir	4,503	(92,349)
Ranníocaí IPA (gan foireann ar iasacht san foireann ar iasacht an IPA	1,451,954	1,293,124
	-	30,536
Iomlán Ranníocaíochtaí an Fhorais ⁽ⁱ⁾	<u>1,451,954</u>	<u>1,323,660</u>
Ranníocaíochtaí na bhFostaithe	27,935	175,396
Sochar Scoir agus Íocaíochtaí Gaolmhara	(2,261,224)	(2,062,867)
Aisíocaíocht ón /Íocaíochtaí leis) an Iarmhéid ar an 31 Nollaig	<u>755,214</u>	<u>660,663</u>
	<u>(21,618)</u>	<u>4,503</u>

Nóta (i): Mar thoradh ar ath-implonú foirne an IPA le linn 2012, tá roinnt ball foirne ar iasacht. Déanann an IPA an ranníocaíocht phinsin riachtanach, is é sin, €nialas (2021: €30,536) leis an Stáitchiste ar a son.

AN FORAS RIARACHÁIN (Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta)

(d) Cur síos ar an Scéim agus ar Thoimhdí Achtúireacha

Socrú pinsin tuarastail deiridh sochair shainithe is ea an scéim sochair scoir. Sainmhínítear na sochair trí thagairt do rialacháin reatha na scéime san earnáil phoiblí. Soláthraíonn an scéim sochar scoir (mar aon ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse ar a laghad) mar aon le sochar scoir céile agus leanaí. Is é 65ú breithlá an bhaill an ghnáthaois scoir. Méadaítear pinsin i mbun íocaíochta (agus a n-athchur) de ghnáth de réir gnáthbhoilsciú tuarastail na hearnála poiblí. Cuirtear an cleachtas reatha maidir le sochair scoir a mhéadú i gcomhréir le boilsciú tuarastail na hearnála poiblí san áireamh agus an oibleagáid sochair shainithe á tomhas.

Ba iad seo a leanas na toimhdí airgeadais a úsáideadh chun críocha FRS 102:

	2022	2021
Ráta an Mhéadaithe ar Thuarastail	2.90%	2.40%
An Ráta Méadaithe ar Shochair Scoir in Íocaíocht	2.90%	2.40%
Ráta an Mhéadaithe ar Shochair Scoir in Iarchur	2.90%	2.40%
Ráta lascaine	1.00%	0.71%
Boilsciú	1.90%	1.40%

Is iad seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana básmhaireachta a úsáidtear chun luach achtúireach dhliteanais na scéime a mheas:

Táblaí ualaithe meánionchais saoil le haghaidh básmhaireachta a úsáidtear chun oibleagáidí sochair an 31 Nollaig a chinneadh:

	2022	2021
Ball Fireann Aois 65 (Ionchas Saoil Reatha)	21.9	21.8
Ball Baineann Aois 65 (Ionchas Saoil Reatha)	24.3	24.2
Ball Fireann Aois 45 (Ionchas saoil ag 65 bliana d'aois)	24.2	24.1
Ball Fireann Aois 45 (Ionchas saoil ag 65 bliana d'aois)	26.3	26.2

Tá an toimhde básmhaireachta thuas i gcomhréir leis an tábla caighdeánach lena gceadaítear feabhsuithe réamh-mheasta.

(e) Sochair Scoir a Mhaoiniú

Tá súil ag an IPA €1.3m a thabhairt don Stáchtiste in 2023.

19. LEASANNA PÁIRTÍ GAOLMHARA

Ghlac an Bord le nósanna imeachta *de réir an Chóid Chleachtais athbhreithnithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit* (2016) maidir le leasanna a bheith á nochtadh ag baill an Bhoird agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin i gcaitheamh na bliana. Ní dhearnadh aon idirbhearta sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird a raibh aon leas tairbhíúil ag na baill iontu. Nochtadh luach saothair lárnach bainistíochta i nóta 5 de na ráitis airgeadais. Níl aon idirbhearta eile de chuid pháirtí ghaolmhair mar atá sainmhínithe in Alt 33 de FRS 102.

20. FAOMHADH NA RÁITIS AIRGEADAIS

D'fhaomh Bord Stiúrthóirí an Fhorais na ráitis airgeadais seo agus d'údaraigh siad iad lena n-eisiúint, faoi réir gan aon athrú ábhartha a tharlú, ar an 13 Meán Fómhair 2023.